Clár

Brollach 2

Réamhrá 3

Caibidil 1: An Gairmoideachas 4
An Córas Gairmoideachais 4
Ballraíocht Choiste Gairmoideachais Cho. an Longfoirt 5
Misean agus Bunluachanna 5
Forbhreathnú ar struchtúr agus seirbhísí oideachais Choiste Gairmoideachais Cho. an Longfoirt 6
Achoimre ar na Seirbhísí Oideachais a chuireann an Coiste Gairmoideachais ar fáil 7
An tAcht um Ghairmoideachas (Leasú), 2001 8
An tábhacht a bhain le comhaontú agus comhdhearcadh i gcur le chéile an phlean 9
Cur chuige an Phróisis Phleanála 9

Caibidil 2: Comhthéacs an Phlean 10
Domhanda, Eorpach agus Náisiúnta 10
Plean Forbartha Chontae an Longfoirt 11
An comhthéacs déimeagrafach 11
Próifíl eacnamaíoch Cho. an Longfoirt 12

Caibidil 3: Príomhcheisteanna Pleanála Choiste Gairmoideachais Cho. an Longfoirt 13
An líon daltaí ar rollaí dara leibhéal agus an ráta críochnaithe scoile 13
Ról agus Íomhá an CGO 13
Oideachas Aosach agus Breisoideachas 14
Ag obair i gcomhpháirtíocht 15
Ceanglais reachtúla 16
Ceanglais maidir le rialachas an Choiste Ghairmoideachais 16
Impleachtaí straitéiseacha don oideachas 17

Caibidil 4: Spriocanna Phlean Oideachais Choiste Gairmoideachais Cho. an Longfoirt 18
Feabhas leanúnach ar oideachas dara leibhéal 18
Seirbhísí oideachais aosaigh a mhéadú 21
Forbairt a dhéanamh ar obair don ógra agus seirbhísí spóirt 23
Tacaíocht do rialachas agus bainistíocht na scéime: 24
Foráil a dhéanamh do riachtanais daonra ilchultúrtha 25
Cumarsáid inmheánach CGO Cho. an Longfoirt a fheabhsú 26
Meicníochtaí níos fearr um rialú cáilíochta a chur i bhfeidhm 27
Infheistíocht a dhéanamh i dtacaíocht agus oiliúint foirne 27
Forbairt agus athchóiriú caipitil 28

Caibidil 5: Acmhainniú agus Feidhmiú an Phlean 30
Pleananna Seirbhíse Bliantúla 30
Athbhreithnithe Bliantúla 30
Acmhainní 30

Buíochas 31

Tagairtí 32

Brollach

Is cúis áthais domsa, mar chathaoirleach, an brollach seo a scríobh don chéad phlean oideachais de chuid CGO Cho. an Longfoirt. Plean cúig bliana atá ann, ó mhí Eanáir 2006 go dtí mí na Nollag 2010, agus cuimsíonn sé gach gné de chláir oideachais, seirbhísí, feidhmeanna riaracháin agus rialachas corparáideach an Choiste, faoi mar atá leagtha amach san Acht um Ghairmoideachas (Leasú), 2001.

Tugadh faoin bpróiseas pleanála seo ag tráth ina bhfuil mórathruithe sóisialta, eacnamaíocha agus cultúrtha ag titim amach i gContae an Longfoirt. Creidimid gur tacaíocht thar a bheith tábhachtach an t-oideachas agus muid ag déileáil leis na hathruithe seo, agus tá fúinn forbairt a dhéanamh air d'fhonn bheith in ann freastal ar riachtanais mac léinn, pobal agus tionscail. Tugann na spriocanna atá leagtha amach sa cháipéis seo aghaidh ar réimse riachtanas, lena n-áirítear leanúint d'fheabhsú an oideachais dara leibhéal agus oideachais aosaigh, agus breisfhorbairt a dhéanamh ar ár gcumas bainistíochta agus an tacaíocht a chuirtear ar fáil don fhoireann agus do mhic léinn. Tá an plean bunaithe ar thacar de chuspóirí soiléire, atá ag teacht leo siúd i bPlean Forbartha an Chontae agus i bpleananna straitéiseacha gníomhaireachtaí eile i gCo. an Longfoirt.

Ba í ár bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF), Josephine O'Donnell, a d'ullmhaigh an plean, le comhairle ónár gCoiste agus ionchur agus tacaíocht nach beag ónár bhfoireann, ár mic léinn, ár dtuismitheoirí agus páirtithe leasmhara eile. Creidimid, dá bharr sin, gur measúnú soiléir agus cruinn atá ann ar dhúshláin oideachais Cho. an Longfoirt, chomh maith le bheith ina mhapa don CGO i dtaca le cur chun cinn an oideachais sna blianta romhainn. Glacaim buíochas le baill an choiste as a gcomhairle agus a gceannaireacht, agus leis an bPríomhoifigeach agus foireann an Choiste Ghairmoideachais as ucht an phlean a dhréachtadh. Ba mhachnamhach, cuimsitheach an próiseas é agus tá mé ag súil go mór le hoibriú as lámha a chéile leis an bhfoireann ar fad d'fhonn ár gcuid cuspóirí a bhaint amach.

_____

Cathaoirleach
Coiste Gairmoideachais Cho. an Longfoirt

Réamhrá

Is ábhar mór sásaimh dom an chéad phlean oideachais straitéiseach de chuid CGO Chontae an Longfoirt a chur i láthair. Leagann an plean conair amach le haghaidh forbairt leanúnach an ghairmoideachais i gCo. an Longfoirt do na cúig bliana romhainn agus tá mé ag súil go mór le bheith in ann oibriú le mo chomhghleacaithe, ár gcoiste agus ár bpáirtithe oideachais ar fud an chontae, d'fhonn ár gcuid spriocanna a chur i gcrích i réimse an oideachais. Tá todhchaí shóisialta, eacnamaíoch agus chultúrtha Chontae an Longfoirt ag brath go mór ar chóras oideachais den scoth a bheith ar fáil, córas a mbeidh teacht ag daoine air agus a bheidh oscailte do chách. Tá fúinn a chinntiú go mbeidh sé seo ar fáil.

Ó thaobh na forbartha eacnamaíche de, is léir go bhfuil an-bhorradh faoi thithíocht i gceantair áirithe den chontae, ach go bhfuil ceantair thuaithe eile ligthe le sruth le tamall. Tá leas á bhaint againn as an bhfás atá tagtha ar éagsúlacht le blianta beaga anuas agus tá éirithe linn méid suntasach infheistíocht isteach a mhealladh. Caithfear na forbairtí seo ar fad a chur san áireamh agus muid ag pleanáil dár riachtanais oideachais amach anseo. Tá Coiste Gairmoideachais Chontae an Longfoirt tiomanta go láidir do sheirbhís oideachais a chur ar fáil a fhreagróidh do na forbairtí seo ar fad. Agus é seo á dhéanamh againn, tá fúinn oibriú go dian d'fhonn na caighdeáin is airde a bhaint amach maidir le cuntasacht phoiblí agus maidir le seirbhísí do chustaiméirí. Tá na hathruithe atá ag titim amach sa tsochaí thar a bheith tábhachtach dár ndaoine óga ach go háirithe, agus sprioc sonrach dár gcuid é seirbhísí a chur ar fáil a fhreastalóidh ar a riachtanais siadsan.

Sa chomhthéacs seo, tá sraith de spriocanna oideachais leagtha amach ag Coiste Gairmoideachais Cho. an Longfoirt. Déanfaimid iarracht leanúnach chun caighdeán agus raon na seirbhísí oideachais a chuirimid ar fáil ag an dara leibhéal agus d'aosaigh a fheabhsú. Leanfar d'fhorbairt sheirbhísí don ógra agus spóirt sa chontae agus aimseofar agus freastalófar ar na riachtanais oideachais a ghabhann le sochaí ilchultúrtha. Caithfear ár struchtúir inmheánacha agus ár gcumas a fhorbairt freisin chun tacú leis na seirbhísí ardchaighdeáin do chustaiméirí a bheidh á gcur ar fáil againn. Mar sin, tabharfaimid tús áite d'infheistíocht i gcumarsáid, oiliúint foirne agus dearbhú cáilíochta.

Reáchtáladh próiseas leathan comhairliúcháin poiblí arbh é an toradh a bhí air na spriocanna atá leagtha amach sa phlean seo. Chuimsigh an próiseas seo ár bhfoireann, baill den choiste, ár bpáirtithe, gníomhaireachtaí áitiúla agus grúpaí pobail, chomh maith leis an bpobal i gcoitinne, agus glacaim buíochas libh ar fad as bhur n-ionchur fóinteach. Gabhaim buíochas go mórmhór, le foireann agus coiste an Choiste Ghairmoideachais as a bhfeabhas agus a dtacaíocht, agus tá mé ag súil go mór le hoibriú libh sa tréimhse cúig bliana atá romhainn chun cuspóirí an phlean seo a bhaint amach.

_____

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin,
Coiste Gairmoideachais Chontae an Longfoirt

CAIBIDIL 1
An Gairmoideachas

Faoi mar atá luaite sa réamhrá, is éard atá sa cháipéis seo ná plean oideachais cúig bliana do CGO Cho. an Longfoirt, plean a ullmhaíodh i gcomhairle le páirtithe leasmhara éagsúla an Choiste Ghairmoideachais idir Bealtaine agus Nollaig 2005. Is éard atá sa chuid seo ná cur síos ar an gcóras gairmoideachais le beeim faoi leith ar na ceanglais reachtúla a fheidhmíonn mar bhunsraith don phróiseas pleanála.

1.1 CÓRAS GAIRMOIDEACHAIS NA hÉIREANN

Bunaíodh Coiste Gairmoideachais Cho. an Longfoirt agus 33 coiste eile dá shamhail faoin Acht Oideachais Ghairme Beatha (1930) agus faoi Achtanna Leasaithe 1936, 1944, 1970 agus 2001. Cuireann na Coistí Gairmoideachais raon seirbhísí oideachais ar fáil, iad á bhfaomhadh, á maoiniú agus á rialú ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. I measc na seirbhísí seo tá soláthar oideachais iarbhunscoile, athdheise, aosaigh agus breisoideachais mar aon le seirbhísí tacaíochta.
Sainmhínítear ról na gCoistí Gairmoideachais i mír 9 den Acht um Ghairmoideachas (Leasú) (2001) mar a leanas:

"Gan dochar d'fheidhmiú aon achtacháin eile faoina mbronntar feidhmeanna ar choiste gairmoideachais, déanfaidh coiste gairmoideachais"

(a) soláthar oideachais agus na fosheirbhísí cuí a phleanáil, a chomhordú agus a athbhreithniú i scoileanna agus ionaid oideachais aitheanta arna mbunú nó arna gcothabháil ag an gcoiste sin,

(b) measúnú ar a eacnamaíche, a éifeachtaí agus a éifeachtúla is a chomhlíon sé a chuid feidhmeanna,

(c) plean oideachais a ghlacadh agus a chur i láthair, faoi mar a leagtar amach i bhfo-alt 30,

(d) plean seirbhíse a ghlacadh agus a chur faoi bhráid an Aire faoi mar a leagtar amach i mír 25,

(e) de réir mar is cuí leis, gach iarracht réasúnach a dhéanamh, maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna, chun dul i gcomhairle le —

(i) boird bhainistíochta scoileanna a bhunaigh nó a chothabhálann an coiste gairmoideachais sin,

(ii) daoine a chomhlíonann, i dtaca le hionaid oideachais a bhunaigh nó a chothabhálann an coiste gairmoideachais sin, feidhmeanna ar ionann iad, nó ar bheagnach ionann iad agus na feidhmeanna a chomhlíonann boird bhainistíochta i dtaca leis na scoileanna dá dtagraítear i bhfo-alt (i),

(iii) mic léinn cláraithe ina leithéid de scoileanna nó ionaid oideachais,

(iv) tuismitheoirí mac léinn cláraithe ina leithéid de scoileanna nó ionaid oideachais nach bhfuil fós 18 bliain d'aois,

(v) baill foirne an choiste ghairmoideachais sin, agus

(vi) aon duine eile a mheasann sé ar dócha go ndéanfaidh comhlíonadh a fheidhmeanna difear dó nó di, nó a mheasann sé leas nó taithí ar leith a bheith aige maidir leis an oideachas nó an oiliúint a sholáthraítear i scoileanna nó ionaid oideachais a bhunaigh nó a chothabhálann an coiste,

agus

(f) i gcomhlíonadh a fheidhmeanna agus chomh fada agus is féidir, comhoibriú le coistí gairmoideachais, scoileanna agus daoine a sholáthraíonn seirbhísí cosúil nó bainteach leis na seirbhísí a sholáthraíonn an coiste gairmoideachais lena mbaineann i dtaca le limistéar gairmoideachais an choiste sin de réir mar is cuí leis an gcoiste gairmoideachais.

Roinntear feidhmeanna an Choiste Ghairmoideachais in dhá aicme: *Feidhmeanna Feidhmiúcháin* agus *Feidhmeanna Forchoimeádta* agus leagtar amach go soiléir iad seo i Míreanna 11 agus 12 den Acht. Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) atá freagrach as cur i ngníomh na bhfeidhmeanna feidhmiúcháin ar fad. An Coiste atá freagrach as cur i ngníomh na bhfeidhmeanna forchoimeádta.

1.2 BALLRAÍOCHT CHOISTE GAIRMOIDEACHAIS CHO. AN LONGFOIRT

Is gníomhaireacht reachtúil í Coiste Gairmoideachais Cho. an Longfoirt atá freagrach as réimse fhairsing seirbhísí oideachais a sholáthar agus atá comhdhéanta de réir cheanglas an Achta um Ghairmoideachas (Leasú), 2001. Seo a leanas ballraíocht an Choiste Ghairmoideachais:

- naonúr ball de chuid Chomhairle Chontae an Longfoirt
- beirt bhall de chuid Chomhairle Bhaile an Longfoirt
- beirt ionadaí tofa thar ceann na dtuismitheoirí
- beirt ionadaí tofa thar ceann na foirne
- ceathrar ionadaí pobail de chuid eagraíochtaí deonacha, pobail, fostóirí agus eile arna n-ainmniú ag an gComhairle Contae tar éis di dul i gcomhairle leis an gcroíghrúpa.

1.3 MISEAN AGUS BUNLUACHANNA CHOISTE GAIRMOIDEACHAIS CHO. AN LONGFOIRT

Is é misean CGO Chontae an Longfoirt ná *cur le saol mhuintir uilig ár bpobail trí chláir ardchaighdeáin oideachais ag an dara leibhéal agus oideachais d'aosaigh a chur ar fáil ar bhealach a léiríonn meas ar éagsúlacht, comhionannas, indibhidiúlacht, ceartas agus dianiarracht pearsanta. An fhís atá againn ná domhan ina mbeidh mic léinn de gach aois in ann sult a bhaint as an bhfoghlaim agus úsáid a bhaint aisti d'fhonn ceart a bhaint den domhan athraitheach, casta seo ina mairimid chomh maith lena thuiscint agus a mhúnlú.*

Tá ár ráiteas misin tógtha ar na bunluachanna a leanas:

a) Go mbeidh cur chuige duine-lárnach ag gach leibhéal den eagraíocht
b) Go dtuigfear an tábhacht a bhaineann leis an bhFoghlaim ar Feadh an tSaoil
c) Go bhforbrófar acmhainneacht iomlán na mac léinn agus na foirne go dtí an caighdeán is airde
d) Go n-éascófar forbairt agus tacaíocht foirne
e) Go gcuirfear timpeallacht shábháilte a thacaíonn le fás agus forbairt an duine ar fáil
f) Go gcuirfear cur chuige bunaithe ar chomhpháirtíocht chun cinn

Forbhreathnú ar struchtúr agus seirbhísí oideachais Choiste Gairmoideachais Cho. an Longfoirt

Tá an Coiste Gairmoideachais bunaithe ar chóras fochoistí mar a léiríonn an léaráid thíos.

Laistigh den struchtúr seo, cuireann Coiste Gairmoideachais Cho. an Longfoirt réimse cuimsitheach seirbhísí agus clár oideachais ar fáil. Tugann an tábla thíos achoimre ar na seirbhísí seo agus déantar cur síos níos iomláine orthu i Mír 1.4 den cháipéis seo. Déanann an Coiste Gairmoideachais monatóireacht agus nuashonrú leanúnach ar na cláir seo de réir mar a aimsítear riachtanais nua.



1.4 ACHOIMRE AR NA SEIRBHÍSÍ OIDEACHAIS A CHUIREANN AN COISTE GAIRMOIDEACHAIS AR FÁIL

Tugtar cur síos achomair thíos faoi na ceannteidil "lánaimseartha" agus "páirtaimseartha". Tá tuilleadh eolais ar na cláir seo ar fáil sa "Guide to Courses 2006/07" agus ar ár suíomh gréasáin (**www longfordvec.ie**).

CLÁIR LÁNAIMSEARTHA

Cláir Dara Leibhéal

Cuirtear oideachas dara leibhéal ar fáil sna ceithre scoil a reáchtáiltear faoi choimirce an Choiste Ghairmoideachais – Ardscoil Phádraig, Gránard; Gairmscoil Bhaile Uí Mhatháin; Coláiste Pobail Bhéal Átha Liag agus Coláiste Theampall Mhichíl, an Longfort. Tairiscíonn gach ceann de na scoileanna seo cláir Teastais Shóisearaigh agus Ardteistiméireachta

Cúrsaí Iar-ardteistiméireachta

Cuirtear réimse sainchúrsaí Iar-ardteistiméireachta (PLC) ar fáil sna scoileanna thuasluaite freisin. Cúrsaí bliana nó dhá bhliain iad arna gcreidiúnú ag FETAC (leibhéal 5) agus CIBTAC (Dioplóma). Cuireann na cúrsaí seo sainoiliúint ar fáil i réimse eochairscileanna dírithe ar an margadh saothair, agus soláthraíonn siad bealach isteach chuig oideachas tríú leibhéal do lucht fágála na meánscoile agus daoine fásta d'aois ar bith.

Cláir Ógtheagmhála (Youthreach)

Cuireann na hionaid Ógtheagmhála oideachas, oiliúint agus taithí oibre ar fáil do dhaoine óga idir 16 agus 20 bliain d'aois a d'fhág an scoil gan a gcuid oideachais fhoirmiúil nó gairmoiliúna a chríochnú. Reáchtálann Coiste Gairmoideachais Cho. an Longfoirt dhá ionad ógtheagmhála, ceann acu i mBaile Uí Mhatháin agus an ceann eile i nGránard. Déantar mic léinn a ullmhú don Teastas Sóisearach, don Ardteistiméireacht Fheidhmeach agus do chláir atá creidiúnaithe ag FETAC

Oideachas don Lucht Siúil

Is í an aidhm atá ag Ionad Oideachais agus Oiliúna Naomh Mel, atá lonnaithe ar Bhóthar Battery, an Longfort, ná cabhrú leis na mic léinn sa chaoi go n-éireoidh leo aistriú go dtí an saol oibre agus go dtí saol an duine fásta. Déantar iarracht ar leith tuismitheoirí a mhealladh go dtí an clár mar gheall ar an dea-thionchar a d'fhéadfadh sé seo a imirt ar rannpháirtíocht a bpáistí sa scolaíocht ina dhiaidh sin. Athainmníodh an t-ionad mar "Ionad Oideachais agus Oiliúna Naomh Mel" d'fhonn teacht leis an mbéim nua ar oideachas ginearálta seachas ar oiliúint amháin, ós rud é go bhfuil mic léinn á n-ullmhú ann le haghaidh a gcreidiúnaithe in ábhair Teastais Sóisearaigh, Ardteistiméireachta agus i gcláir chreidiúnaithe FETAC.

Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS)

Is clár athdheise agus oiliúna é VTOS dóibh siúd a chomhlíonann critéir áirithe. Le bheith intofa don chúrsa caithfidh iarrthóirí bheith 21 bliain d'aois nó níos sine agus ní mór go raibh siad ag fáil cúnamh dífhostaíochta / ag síniú i gcomhair creidiúintí / íocaíochta um theaghlach aontuismitheora / liúntais nó íocaíochta míchumais / pinsin easláine / thar thréimhse sé mhí, nó gur céile cleithiúnach iad do dhuine atá i gceann de na catagóirí thuas.

CLÁIR PHÁIRTAIMSEARTHA

Cúrsaí Litearthachta agus Bunoideachais d'Aosaigh

Cuirtear cláir ar fáil do dhaoine fásta ar mhaith leo a gcuid scileanna litearthachta, uimhearthachta agus bunscileanna ríomhaireachta a fheabhsú in Ionaid don Fhoghlaim Aosach i mBaile an Mhatháin, Gránard agus Baile Longfoirt. Is sainghnéithe den oideachas bunúsach d'aosaigh iad seisiúin "duine le duine" agus teagaisc i ngrúpaí beaga in atmaisféar neamhfhoirmeálta, discréideach, agus solúbthacht ann maidir le hamchláir agus dátaí tosaithe d'fhonn rochtain níos fearr ar chúrsaí a chinntiú. I measc na seirbhísí eile a chuirtear ar fáil tá Foghlaim Teaghlaigh, Foghlaim ar an Láthair Oibre agus réimse cúrsaí teistithe suas go FETAC leibhéal 4, chomh maith le roinnt ábhar Teastais Sóisearaigh agus Ardteistiméireachta.

Béarla le haghaidh cainteoirí teangacha eile (ESOL)

Tá dianiarracht déanta ag Coiste Gairmoideachais Cho. an Longfoirt freastal ar na riachtanais síorathraitheacha teanga agus oideachais a aimsítear i bpobal atá ag fáil níos ilchultúrtha in aghaidh an lae,

agus é seo déanta ar bhealach a thacaíonn le comh-mheas, imeascadh, cuimsiú sóisialta agus tuiscint ar éagsúlacht. Tá acmhainní breise curtha ar fáil do mhic léinn dara leibhéal agus VTOS a dteastaíonn cabhair bhreise uathu leis an mBéarla. Cuirtear cúrsaí Béarla (ESOL) agus cúrsaí ríomhaireachta bunúsacha ar fáil dóibh siúd nach bhfuil Béarla acu trí na hIonaid don Fhoghlaim Aosach.

Tionscnamh "Filleadh ar an Oideachas" (BTEI)
Tugann cúrsaí de chuid an Tionscnaimh seo seans do dhaoine óga agus fásta a d'éirigh as an oideachas foirmeálta go luath filleadh ar an oideachas ar bhonn páirtaimseartha. Cuirtear na cúrsaí seo ar fáil i scoileanna agus ionaid an Choiste Ghairmoideachais agus in áiteanna eile de réir an éilimh. Tugann na cláir seo deis do dhaoine filleadh ar an bhfoghlaim agus is cosán athiontrála iad dóibh siúd atá ag obair agus ar mhaith leo scileanna nua agus teastas a fháil. Tá cúrsaí BTEI ar fáil saor in aisce do lucht faighte leasa shóisialta agus do dhaoine ar leith a bhfuil cárta leighis acu.

Oideachas Pobail
Cabhraíonn an tSeirbhís Oideachais Phobail le hoideachas for-rochtana agus cláir oiliúna do ghrúpaí pobail a chur ar fáil taobh istigh den phobal féin. Is éard atá i gceist ná próiseas cumasaithe, ó thaobh na ngrúpaí agus na ndaoine aonair araon de, a chuireann le cumas pobal áitiúil anailís chriticiúil a dhéanamh ar an tsochaí ina maireann siad agus gníomhú d'fhonn í a athrú. Déantar cláir Oideachais Phobail a fhorbairt ar bhealach solúbtha le freastal ar riachtanais na rannpháirtithe. Maoiníonn an Coiste Gairmoideachais na cúrsaí seo le cístí ón mbuiséad Oideachais Phobail faoin Tionscnamh "Filleadh ar an Oideachas".

Cúrsaí Féinmhaoinitheacha agus For-rochtana
Cuirtear cúrsaí féinmhaoinitheacha, cúrsaí creidiúnaithe agus cúrsaí do shainchaithimh aimsire ar fáil ar bhonn leanúnach, de réir éilimh. Reáchtáiltear cúrsaí for-rochtana tríú leibhéal i gcomhar le hOllscoil na hÉireann, Maigh Nuad, An Foras Riaracháin (IPA), agus Coláiste Náisiúnta na hÉireann (NCI).

1.5 AN tACHT UM GHAIRMOIDEACHAS (LEASÚ) 2001 AGUS FORÁLACHA MAIDIR LE PLEANÁIL OIDEACHAIS

Leagann an tAcht um Ghairmoideachas (Leasú), 2001 amach ceanglais shoiléire do na Coistí Gairmoideachais ar fad i dtaca le pleanáil, comhordú agus athbhreithniú a seirbhísí oideachais. Faoin Acht tá dualgas ar Choistí Gairmoideachais pleanáil oideachais fadtréimhseach (Plean Oideachais) agus gearrth-réimhseach (Pleananna Seirbhíse) a chur i gcrích mar aon le ceanglais eile a bhaineann le maoirseacht, freagracht agus tuairisciú.

Ó thaobh an Phlean Oideachais de, leagann an tAcht amach ról an Choiste agus an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin i dtaca leis an bpróiseas pleanála agus comhairliúcháin, agus i dtaca le glacadh leagan deiridh an phlean. D'fhonn cinntiú go gcomhlíonfaí ceanglais an Achta, ba é Príomhoifigeach Feidhmiúcháin CGO Cho. an Longfoirt a d'ullmhaigh an Plean Oideachais seo. Threoraigh Coiste Gairmoideachais Cho. an Longfoirt an próiseas agus fuarthas aighneachtaí ó réimse fairsing de phríomhpháirtithe leasmhara.

Is ceann d'fheidhmeanna feidhmiúcháin an Phríomhoifigigh é ullmhú an Phlean Oideachais, faoi mar a leagtar amach i Mír 30 den Acht:

> "*Ullmhóidh an príomhoifigeach feidhmiúcháin plean le cur faoi bhráid an choiste ghairmoideachais dár eisean nó ise an príomhoifigeach feidhmiúcháin, a leagfaidh amach do:*

- *thréimhse 5 bliana ó dháta ullmhúcháin an phlean, nó*
- *cibé tréimhse eile a ordóidh an tAire,*

…cuspóirí an choiste ghairmoideachais sin, na tosaíochtaí a thabharfar do na cuspóirí sin agus na bearta a chuirfear i bhfeidhm d'fhonn na cuspóirí sin a bhaint amach (dá ngairtear "plean oideachais" ina dhiaidh seo sa mhír seo).

D'imir an Coiste ról tábhachtach i dtreorú an phróisis phleanála, agus i dtaca le seo deireann Mír 30 :

> *"Is feidhmeanna forchoimeádta iad tuairim a nochtadh faoi fhomhír (2)(d), plean oideachais (leasaithe nó gan leasú) a ghlacadh faoi fhomhír (4) agus plean oideachais a leasú faoi fhomhír (8)."*

1.6 AN TÁBHACHT A BHAIN LE COMHAONTÚ AGUS COMHDHEARCADH I gCUR LE CHÉILE AN PHLEAN

Chomh maith leis an Acht um Ghairmoideachas (Leasú) a chomhlíonadh, bhí sé ríthábhachtach freisin go leagfaí amach treoirphlean a chinnteodh feabhas agus rath leanúnach ar obair an Choiste Ghairmoideachais thar thréimhse cúig bliana idir Eanáir 2006 agus Nollaig 2010.

Féachadh i gcónaí le tuiscint cheart a fháil ar thuairimí agus riachtanais na bpríomhpháirtithe leasmhara le linn an phróisis phleanála agus cuireadh béim shuntasach ar na tuairimí seo a chur i dtoll a chéile. Tugtar cur síos ar an gcur chuige seo thíos.

1.7 CUR CHUIGE AN PHRÓISIS PHLEANÁLA

Ghlac Coiste Gairmoideachas Cho. an Longfoirt cur chuige cuimsitheach, comhairliúcháin agus é i mbun ullmhúchán an Phlean Oideachais seo. Cuspóir an phróisis leathan chomhairliúcháin seo ná:

- a chinntiú go mbeadh seans ag chuile pháirtí leasmhar a bhfuil spéis aige sa tseirbhís oideachais a sholáthraíonn Coiste Gairmoideachais Cho. an Longfoirt cur leis an bpróiseas pleanála
- a chinntiú go n-aithneofaí agus go gcuirfí san áireamh na héilimh inmheánacha agus seachtracha uile a dhéantar ar CGO Cho. an Longfoirt
- a chinntiú go gcuirfeadh na príomhpháirtithe leasmhara ar fad eolas ar ábhar agus ar sheachadadh an phlean agus go nglacfaí leis go fairsing mar rud dearfach.

Cuireadh tús leis an bpróiseas pleanála i mBealtaine 2005 agus tugadh chun críche é i mí na Nollag 2005. Léiríonn an tábla a leanas an chaoi a tugadh faoin bpróiseas pleanála:

Céim	Ionchur ó	Tugtha chun críche
Comhairliúchán leis an ngrúpa stiúrtha	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Oifigeach Forbartha Príomhoifigeach Cúnta Oifigeach Oideachais Aosaigh Oifigeach Airgeadais	Bealtaine – Samhain 2005
Ceardlanna Éascaithe	Príomhoidí agus Cinn Ionad Coiste Gairmoideachais Pearsanra Sinsearach Oideachais Aosaigh Ionadaithe thar ceann na múinteoirí Ionadaithe thar ceann na foirne riaracháin Ionadaithe thar ceann na foirne coimhdí Bord um Oideachas Aosach Bord Comhairleach um Spórt Boird Bhainistíochta scoileanna agus ionad	Bealtaine – Lúnasa 2005
Agallamh agus ceistneoir	Bord Forbartha an Chontae	Samhain, 2005
Ceistneoir	Tuismitheoirí Mic léinn (dara leibhéal, breisoideachas & oideachas aosach) Príomhoidí bunscoileanna An fhoireann teagaisc ar fad An fhoireann riaracháin ar fad	Meitheamh – Meán Fómhair 2005
Iarratas ar aighneachtaí	Iarratas ginearálta ar aighneachtaí curtha sa nuachtán áitiúil	Nollaig, 2005

CAIBIDIL 2

Comhthéacs an Phlean

Ullmhaíodh an plean seo ag tráth d'athruithe doimhne déimeagrafacha agus sóisialta, athruithe ar géire a luas le blianta beaga anuas. Ceann de phríomhchuspóirí an Choiste Ghairmoideachais ná a chinntiú go mbeidh ar chumas mic léinn de gach aois déileáil go rathúil leis na hathruithe atá le teacht sna blianta romhainn.

Agus an comhthéacs seo socraithe don phlean, is léir go mbeidh forbairtí agus treochtaí ann ag na leibhéil idirnáisiúnta, náisiúnta agus áitiúil, a mbeidh tionchar suntasach acu ar pholasaí agus ar a dtitfidh amach inár scoileanna agus ionaid oideachais.

2.1 AN COMHTHÉACS DOMHANDA, EORPACH AGUS NÁISIÚNTA

Iad seo a leanas na forbairtí níos leithne a mbeidh tionchar acu ar threo agus ar chinntí CGO Cho. an Longfoirt.

Tionchair Dhomhanda:
Ag leibhéal domhanda, tá forbairtí agus treochtaí ann a imreoidh tionchar ar an leibhéal áitiúil agus ar ghníomhaíochtaí CGO Cho. an Longfoirt. Is cuid dhoshéanta dár saol anois an Domhandú. Feictear seo go príomha sa luas ollmhór atá tagtha faoi ghluaiseacht daoine, bíodh sé seo ar thóir oibre nó fóillíochta. Tá fás nár fhacthas a leithéid riamh cheana tagtha faoin tionscail turasóireachta. Tá borradh gan stad faoi thrádáil agus tráchtáil idirnáisiúnta, agus margaí nua á aimsiú dá réir. Rud nua don tír seo is ea líon na n-inimirceach a thagann chugainn, agus dúshlán nua cruthaithe dúinn i ngort an oideachais dá bharr. Ainneoin é bheith i bhfad ón bpríomhchathair, tá fás ollmhór tagtha ar éagsúlacht dhaonra Cho. an Longfoirt le blianta beaga anuas. Is deis agus dúshlán mór don CGO é tionchar sóisialta, eacnamaíoch agus cultúrtha na héagsúlachta seo.

Le lonnú mórchorparáidí idirnáisiúnta i gContae an Longfoirt, tiocfaidh athrú suntasach ar phróifíl iad siúd atá ag obair ann agus ar an ngeilleagar áitiúil, agus an contae ag claochlú óna ról traidisiúnta mar cheantar tuaithe talmhaíochta le bheith ina imreoir idirnáisiúnta ar thóir na hinfheistíochta isteach.

Tionchair Eorpacha:
Ba é an cuspóir a bhí ag Comhairle Eorpach Liospóin ná athchóiriú eacnamaíoch a chur i bhfeidhm a dhéanfadh den Aontas Eorpach an geilleagar eolasbhunaithe ab' iomaíche agus ba dhinimiciúla dá bhfuil ann. Bheifí in ann an fás eacnamaíoch a bhuanadh, bheadh breis jabanna ann agus iad ar chaighdeán ní b'airde agus bheadh an comhtháthú sóisialta ní b'fhearr, dá bharr sin. Ba chuid lárnach de mholtaí chruinniú na Comhairle ná a thábhachtaí is atá an fhoghlaim ar feadh an tsaoil, agus i mí na Samhna 2001 ghlac an Chomhairle le treoirphlean don fhoghlaim ar feadh an tsaoil faoin teideal "making a European area of lifelong learning a reality". Cuireadh béim sa treoirphlean ar cheithre chuspóir: saoránacht ghníomhach, lánsástacht phearsanta, cuimsitheacht shóisialta agus infhostaitheacht.

Mar chuid den réigiún BMW (réigiún na Teorann, Lár Tíre agus an Iarthair), tá maoiniú de chuid an AE faighte ag Co. an Longfoirt le haghaidh réimse príomhthionscnamh – seo gné thábhachtach den ghaol leis an Eoraip agus den chomhthéacs Eorpach.

Forbairtí Polasaí Náisiúnta
Is é an rialtas náisiúnta príomhfhoinse maoinithe agus reachtóir Choiste Gairmoideachais Cho. an Longfoirt, agus déanann an Coiste monatóireacht leanúnach ar fhorbairt pholasaí an rialtais i dtaca le cúrsaí oideachais agus oiliúna dá réir, agus glacann sé páirt ghníomhach san idirphlé iomchuí. San áireamh anseo tá reachtaíocht a bhaineann go díreach nó go hindíreach le soláthar oideachais, agus maoiniú do thionscnaimh nua, arna chur ar fáil go príomha ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, a chomhcheangal.

2.2 PLEAN FORBARTHA CHONTAE AN LONGFOIRT

Ullmhaíodh Plean Forbartha an Chontae i 2003 d'fhonn treoirphlean a leagan amach d'fhorbairt eacnamaíoch sa chontae. Mar chuid de seo, aithníodh an t-oideachas mar cheann de na príomhthosca i bhforbairt an chontae, agus imreoidh Coiste Gairmoideachais Cho. an Longfoirt ról lárnach trí leanúint de sheirbhís chomhtháite oideachais den scoth a chur ar fáil. Leagann Plean Forbartha an Chontae na cuspóirí a leanas amach i dtaca le hoideachas, cuspóirí iad a bhfuil baint dhíreach acu le ról an Choiste Ghairmoideachais:

Cuspóir (1): Líon na mac léinn a éiríonn as an scolaíocht roimh íosaois fágtha na scoile (16 bliain) a laghdú trí na tacaíochtaí a theastaíonn agus curaclam atá in oiriúint dá riachtanais a chur ar fáil

Cuspóir (2): Tacaíochtaí a aithint agus a fhorbairt le cinntiú go bhfuil teacht acu siúd a fhágann an scoil roimh an íosaois ar bhreisoideachas agus oiliúint

Cuspóir (3): Cabhrú le fáil réidh leis na baic ar oideachas agus oiliúint do gach duine fásta

Cuspóir (4): Creat tacaíochta a fhorbairt chun comhoibriú a chur chun cinn idir sholáthróirí oideachais neamhfhoirmeálta agus foirmeálta

Cuspóir (5): Gníomhaíochtaí oideachais den chéad scoth a chur ar fáil.

Forbraíodh an plean seo faoi réir na gcuspóirí thuasluaite. Mar sin, meastar go gcabhróidh sé le príomhchuspóirí oideachais agus eacnamaíocha Phlean Forbartha an Chontae a bhaint amach.

2.3 AN COMHTHÉACS DÉIMEAGRAFACH

Agus Plean Oideachais á fhorbairt do Cho. an Longfoirt, ní mór treochtaí sóisialta agus eacnamaíocha a chur san áireamh. Déantar cur síos ar na gnéithe seo thíos:

- Is contae réasúnta beag é Contae an Longfoirt de thimpeall is 1,087 ciliméadar cearnach, é suite i lár na tíre.
- Tá tábhacht ag baint leis an lárnacht gheografach seo ó thaobh chóras bóithre an chontae de. Téann dhá phríomhbhóthar náisiúnta tríd an chontae, .i. an N4 a thagann anoir ó Bhaile Átha Cliath agus siar go Sligeach agus an N5 ón Longfort siar go Caisleán an Bharraigh. Tá Baile Longfoirt suite go straitéiseach san áit a chasann an dá bhóthar náisiúnta le chéile.
- Ó thaobh chuspóirí an Phlean Forbartha Náisiúnta de tá an Longfort rangaithe i réigiún na Teorann, Lár Tíre agus an Iarthair (BMW).
- I gcomhthéacs na Straitéise Spáis Náisiúnta, aithnítear Baile Longfoirt mar bhaile tacaíochta do na geatabhailte lár tíre: an Muileann gCearr, An Tulach Mhór agus Áth Luain.

Treochtaí daonra i gContae an Longfoirt

Léiríonn an tábla thíos fás an daonra i limistéar CGO Cho. an Longfoirt le blianta beaga anuas.

Bliain	Daonra Cho. an Longfoirt (sonraí Daonáirimh)
1996	30,166
2002	31,127

Léiríonn sé seo gur tháinig ardú 3.2% i ndaonra an chontae. Sa chomhthéacs náisiúnta, níl ach dhá chontae eile le hardú daonra níos ísle ná sin. Tháinig ardú breise de 6.5% ar dhaonra Bhaile Longfoirt idir 1996 agus 2002. Is éard is cúis leis an ardú seo ná an líon mór grúpaí eitneacha atá tar éis teacht go dtí an baile le blianta beaga anuas. I gCo. an Chabháin agus na hIarmhí, contaetha atá buailte le teorainn Cho. an Longfoirt, tá ráta fáis de 6.6% agus 13.8% faoi seach faoin daonra. Táthar tar éis Baile Longfoirt a ainmniú mar cheantar RAPID. Tá 2,604 cónaitheoirí i mBaile Longfoirt ag fáil tacaíochta leasa shóisialta faoi láthair.

2.4 PRÓIFÍL EACNAMAÍOCH CHONTAE AN LONGFOIRT

Is contae tuaithe go príomha é i gcónaí Co. an Longfoirt, agus cónaí ar 62.7% den daonra iomlán i gceantair tuaithe (daonáireamh 2002). Cé go dtuigtear nach ionann cónaí a bheith ort i gceantar tuaithe agus a bheith spleách ar an talmhaíocht, tugann próifíl eacnamaíoch an chontae pictiúr dúinn de chontae a bhfuil na tréithe uile a bhaineann le háit a bheadh ag brath ar an earnáil talmhaíochta aige.

Faoi mar atá ag titim amach ar leibhéal náisiúnta, tá borradh mór faoi líon na dtithe nua atá á gcríochnú le blianta beaga anuas i Longfort. Tá an borradh seo á thacú go pointe ag an ardú atá tagtha ar ghníomhaíocht tionsclaíochta le bunú mórchomhlachta cógasaíochta i mBaile Longfoirt. Tá an meath sa dhaonra a bhíodh ann i Longfort san am atá caite aisiompaithe, agus deiseanna fostaíochta agus an infheistíocht isteach ag ardú i gcónaí.

Tá titim mhór le sonrú ar an ráta dífhostaíochta dá réir, ráta a bhíodh réasúnta ard, go mórmhór i mBaile Longfoirt agus i nGránard. Ar an mórgóir, is féidir a rá gur ar aon dul atá treochtaí eacnamaíocha Longfoirt agus iad siúd atá le feiceáil ar an scála náisiúnta. Tá an borradh eacnamaíoch atá ann le blianta beaga anuas tar éis dul chun tairbhe an chontae, rud a fheictear i rátaí fostaíochta atá níos airde ná riamh agus san fheabhas atá tagtha ar chaighdeán beatha iad siúd a chónaíonn ann. Tá feabhas suntasach le sonrú ar infrastruchtúr an chontae freisin, go mórmhór i dtéarmaí bóithre agus teileachumarsáide.

Tá brabach maith bainte ag Baile Longfoirt agus na ceantair is gaire do Bhaile Átha Cliath sa chontae as an mborradh tithíochta comaitéirbhunaithe. Níl aon fhianaise ann go dtí seo, áfach, go bhfuil fás ag teacht ar líon na bpáistí in aois scoile.

Cuireadh na cúinsí seo san áireamh, mar aon le gnéithe tuaithe agus uirbeacha dhaonra Longfoirt atá ag dul i méid, chomh maith lena shuíomh lárnach, nuair a bhí riachtanais agus tosaíochtaí á leagan amach don phlean seo.

CAIBIDIL 3

Príomhcheisteanna Pleanála Choiste Gairmoideachais Cho. an Longfoirt

Léiríonn an mír seo comhthéacs an Phlean Oideachais agus tugtar cur síos ann ar na príomhthosca, spreagthaí, deiseanna agus dúshláin timpeallachta don CGO agus an plean seo á ullmhú. Ina measc seo tá tionchair thábhachtacha eacnamaíocha agus sóisialta. Tá forbairt tagtha ar na Coistí Gairmoideachais ón am ar bunaíodh iad i 1930, sa chaoi go bhfreastalaíonn siad ar réimse fhairsing riachtanas oideachais, lena n-áirítear litearthacht d'aosaigh, foghlaim ar feadh an tsaoil, oideachas pobail, cúrsaí iar-ardteistiméireachta agus ardoideachais maille leis an oideachas traidisiúnta. Amhail coistí gairmoideachais na tíre ar fad, tá Coiste Gairmoideachais Cho. an Longfoirt ag freastal ar réimse mac léinn atá thar a bheith éagsúil. Ag an am céanna, tá na ceanglais ar choistí gairmoideachais ó thaobh rialachán agus reachtaíochta de ag dul i líonmhaire an t-am ar fad. Tá freagracht shuntasach reachtúil ar na coistí anois, lena n-áirítear sláinte agus sábháilteacht, reachtaíocht fostaíochta, leas oideachais agus cosaint sonraí. Is sa chomhthéacs dúshlánach seo a d'ullmhaigh Coiste Gairmoideachais Cho. an Longfoirt a phlean cúig bliana.

3.1 AN LÍON DALTAÍ AR ROLLAÍ AGUS AN RÁTA CRÍOCHNAITHE SCOILE AG AN DARA LEIBHÉAL

Is é príomhchuspóir CGO Cho. an Longfoirt ná oideachas ar ardchaighdeán a chur ar fáil. Mar sin, caithfear tús áite a thabhairt do thimpeallacht acadúil a chur ar fáil a fhreastalaíonn ar riachtanais uile na mac léinn ar fad. Chuige seo, tá buncheisteanna ann ar gá don CGO tabhairt fúthu. Ina measc siúd tá na dúshláin a bhaineann le tacaíochtaí cuí ardchaighdeáin a sholáthar do riachtanais éagsúla mac léinn, agus mic léinn de gach leibhéal agus gach raon cumais a choinneáil ar scoil. Tomhaistear feabhas an chaighdeáin seo trí na gnéithe thíos:

- cé chomh maith agus a éiríonn lenár scoileanna caighdeáin acadúla den scoth a bhaint amach;
- bonneagar fisiciúil den scoth a chur ar fáil do mhic léinn agus don fhoireann.
- curaclam leathan a chur ar fáil a fhéachann le forbairt iomlán an mhic léinn a chur chun cinn.
- gníomhaíochtaí seach-churaclaim a chur ar fáil a fhéachann le chuile mhac léinn a fhorbairt sa chiall is leithne.
- cumas chun dul san iomaíocht le soláthróirí eile d'fhonn tuilleadh féidearthachtaí, roghanna agus deiseanna a thairiscint do thuismitheoirí agus mic léinn.
- cumas chun tacaíocht a chur ar fáil do riachtanais ar leith na mac léinn a d'fheadfadh bheith i gcontúirt éirí as an oideachas foirmeálta.
- cumas chun tacaíocht a thabhairt do na mic léinn ar fad sa chaoi go dtuigfidh siad agus go mbainfidh siad leas as na roghanna breisoideachais agus dul chun cinn atá ar fáil dóibh.

Mar sin, is léir gur ceann de phríomhdhúshláin agus príomhthosaíochtaí CGO Cho. an Longfoirt agus é ag bogadh chun cinn ná réimse chuimsitheach seirbhísí agus tacaíochtaí den scoth a chur ar fáil dá mhic léinn uile.

3.2 RÓL AGUS ÍOMHÁ AN CGO

Cuireann CGO Chontae an Longfoirt réimse leathan seirbhísí oideachais ar fáil ar fud an chontae agus déanann sé foráil le haghaidh riachtanais éagsúla oideachais lena n-áirítear an dara leibhéal, breisoideachas agus oideachas aosach lánaimseartha agus páirtaimseartha chomh maith le raon tacaíochtaí do mhic léinn le riachtanais speisialta oideachais.

Níl infheistíocht shuntasach déanta ag CGO Chontae an Longfoirt go dtí seo i gcur chun cinn gníomhach ar scóip agus éagsúlacht a sheirbhísí oideachais. Mar thoradh air sin, b'fhéidir nach bhfuil go leor daoine, a d'fhéadfadh leas a bhaint as seirbhísí oideachais an CGO, ar an eolas fúthu agus b'fhéidir nach mbainfidís

úsáid as an deis foghlama mar sin. Aithnítear go ginearálta, de réir mar a mhéadaíonn raon soláthar oideachais an CGO, go bhfuil gá le hinfhéistíocht bhreise le cur chun cinn agus aitheantas éifeachtach sheirbhísí an CGO agus dearcadh dearfach orthu a chinntiú laistigh den phobal.

3.2.1 OIDEACHAS AOSACH AGUS BREISOIDEACHAS

Tá oideachas aosach ar cheann de na príomhréimsí fáis san oideachas agus is mórghné de sholáthar CGO Chontae an Longfoirt é. Le blianta beaga anuas, tá oideachas aosach ar bharr chlár oibre oideachais an Rialtais agus é faoi threoir na bhforbairtí beartais seo a leanas:

- Straitéis an AE 1996 um Fhoghlaim ar feadh an tSaoil
- Suirbhé Idirnáisiúnta OECD um Litearthacht Aosach, 1997
- Ceapadh Aire Stáit le freagracht as Oideachas Aosach i 1997
- Páipéar Glas um Oideachas Aosach 1998
- Páipéar Bán 2000 um Oideachas Aosach: “Foghlaim don Saol”, a leagann beartas agus tiomantais rialtais amach maidir le forbairt an oideachais aosaigh.

Tacaíonn an Plean Forbartha Náisiúnta (NDP) 2000-2006 le leathnú na seirbhísí oideachais aosaigh agus tugann an Plean maoiniú do na cláir agus na tionscnaimh seo a leanas:

- leathnú seirbhísí litearthachta aosaigh, lena n-áirítear cláir a dhírítear ar dhaoine le riachtanais speisialta
- seirbhís threorach um oideachas aosach a thugann tacaíocht don aistriú go dtí gach gné d’oideachas aosach
- fostú éascaitheoirí um oideachas pobail
- an Tionscnamh um Fhilleadh ar Oideachas (BTEI), a dhéanann foráil do chúrsaí páirtaimseartha do dhaoine dífhostaithe agus dóibh siúd ar ioncam íseal
- infheistíocht agus fás méadaithe i soláthar an Bhreisoideachais (PLC).

Cuirtear na cláir seo go léir ar fáil trí Sheirbhís Oideachais Aosaigh CGO Chontae an Longfoirt.

Aithnítear gur gné tábhachtach d’obair in earnáil an CGO í forbairt an oideachais aosaigh. Aithnítear go ginearálta go bhféadfaí tairbhe níos fearr a ghnóthú trí chomhordú feabhsaithe agus trí rudaí a dhéanamh foirmiúil laistigh den earnáil. Is cosúil go mbeidh an méid sin níos indéanta nuair a bheidh an Chomhairle Foghlama Náisiúnta d’Aosaigh i bhfeidhm. Idir an dá linn, tá aghaidh á tabhairt ar roinnt dúshlán:

- bailiú agus roinnt sonraí iontaofa maidir le riachtanais agus bearnaí reatha i soláthar an oideachais aosaigh
- comhoibriú agus comhordú idir sholáthróirí oideachais aosaigh, rud a chruthóidh laghdú i líon na mbearnaí agus na bhforluí sa soláthar
- éifeachtúlacht feabhsaithe maidir le haithint na ndaoine sin a bhainfeadh an tairbhe is fearr as dara seans san oideachas agus iad a chur ar an eolas, go háirithe i réimsí leochaileacha cosúil le litearthacht aosach
- struchtúir thacaíochta a aithint, cosúil le cúram leanaí nó breis tacaíocht ioncaim a dhéanfadh éascaíocht do rochtain níos fearr ar oideachas
- riachtanais oideachais agus oiliúna an tionscail áitiúil a aithint agus freagairt dhíreach a thabhairt orthu
- éascaíocht a dhéanamh agus tacaíocht a thabhairt do ghrúpaí nach éasca teagmháil a dhéanamh leo chun rochtain a fháil ar oideachas.

Tá réimse seirbhísí oideachais aosaigh agus breisoideachais á chur ar fáil ag CGO Chontae an Longfoirt, réimse atá deartha le dul i ngleic leis na dúshláin atá léirithe thuas. Ba iad na príomhláidreachtaí a bhí aige agus aghaidh á tabhairt ar na dúshláin sin ná:

- tá cumas ag an CGO chun oideachas aosach atá inrochtana agus costéifeachtach a sholáthar mar thoradh ar an líonra atá aige de scoileanna agus lárionaid dea-lonnaithe
- acmhainn luachmhar na mball foirne agus na dteagascóirí ardcháilithe agus ardoilte chun tacaíocht a thabhairt d’fhorbairt cúrsaí nuálaíocha ar ardchaighdeán
- an bhaint stairiúil a bhí aige le soláthar oideachais aosaigh ar ardchaighdeán, baint a choinníonn sé sa lá atá inniu ann.

Tá CGO Chontae an Longfoirt tiomanta d’fhorbairt a sheirbhísí breisoideachais de réir riachtanais chuallacht na mac léinn, agus comhthreomhar lena chúrsaí dara leibhéal.

Tagann an méadú sin le príomhréimsí bheartas an Rialtais maidir le Rochtain agus Foghlaim le haghaidh an tSaoil. Is cosúil go leanfaidh an t-éileamh ar na cúrsaí breise PLC laistigh de Chontae an Longfoirt sna cúig

bliana amach romhainn. Tá teorainn Rialtais ar an líon daoine a bhíonn rannpháirteach i gcúrsaí PLC, rud a d'fhéadfadh bac a chur ar fhás don chuid is mó de na CGOanna.

Bíonn príomhról comhordaithe á chomhlíonadh ag an mBord um Oideachas Aosach, atá ina ionadaí do ghníomhaireachtaí éagsúla sa chontae a bhfuil leas san oideachas aosach acu, rud a chruthóidh comhtháthú agus comhoibriú níos fearr idir na mórpháirtithe leasmhara san oideachas aosach laistigh den chontae.

3.3 TREOCHTAÍ SAN ÉAGSÚLACHT

Tá méadú mór tagtha ar líon na n-imirceach a mealladh chuig an tír chun críche oibre, oideachais agus ar thóir chaighdeán níos fearr beatha mar thoradh ar sheasamh láidir na hÉireann ó thaobh an gheilleagair de. Mar thoradh air sin, tá sochaí na hÉireann tagtha chun bheith níos dinimiciúla ó thaobh an chultúir de agus níos éagsúil ó thaobh na teanga de laistigh d'achar gearr ama.

Tá a rannpháirtíocht sa gheilleagar agus sa chultúr suntasach cheana féin agus is féidir a bheith ag súil le go gcuirfidh sí níos mó leis na gnéithe sin má chuirfear na tacaíochtaí cuí i bhfeidhm. Táthar ag súil go mbeidh ról mór ag an oideachas maidir le tacaíocht a thabhairt dá gcomhtháthú i saol eacnamaíoch agus cultúir an chontae. Go deimhin, cuireann teacht isteach an réimse mór seo de chultúir éagsúla an-chuid deiseanna ar fáil do CGO Chontae an Longfoirt i dtéarmaí riachtanais a aithint, cúrsa nua a fhorbairt agus struchtúir tacaíochta a chur i bhfeidhm.

3.4 AG OBAIR I gCOMHPHÁIRTÍOCHT

Tá ceangal reachtúil ar CGO Chontae an Longfoirt chun comhpháirtíochtaí a bhunú agus a fhorbairt le gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí ábhartha áitiúla agus náisiúnta agus tá sé tiomanta don chomhpháirtíocht mar phríomhghné maidir le forbairt na scéime amach anseo. Tá dúshláin eagrúcháin os comhair chur i bhfeidhm rathúil na dtionscnamh nua i gcomhpháirtíocht, áfach. Áirítear orthu sin:

- neamhsholúbthacht i meicníochtaí maoinithe a d'fhéadfadh srianta a chur ar nuálaíocht agus eagraíochtaí a dhíspreagadh ó obair a dhéanamh i gcomhpháirtíocht
- ní i gcónaí a cheadaíonn na rialacháin a bhaineann le seachadadh na gclár náisiúnta an tsolúbthacht a bhfuil gá léi chun dul i mbun oibre i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí áitiúla
- éilimh ar struchtúir bhainistíochta agus riaracháin an CGO a chuireann teorainn leis an am agus leis na hacmhainní a d'fhéadfaí a dhíriú ar chomhpháirtíocht

Tá Contae an Longfoirt fíorairdeallach, agus na teorainneacha sin á aithint aige, faoin ngá atá le pleanáil agus comhordú i gcomhair comhpháirtíocht éifeachtach. Tugtar aghaidh air seo, mar sin, mar chuid den phlean oideachais.

3.5 FORBAIRTÍ REACHTÚLA I NDÁIL LE CGOANNA

Ba é an píosa reachtaíochta ba shuntasaí a d'imir tionchar ar na CGOanna ná an tAcht Gairmoideachais (Leasú) 2001. Déanann an reachtaíocht sin nuashonrú ar an gcreat reachtaíochta do CGOanna, ar cuireadh i bhfeidhm sa bhliain 1930 é ar dtús (le leasuithe ina dhiaidh sin i 1936, 1944 agus 1970). Déanann sé foráil do struchtúir agus nósanna imeachta nua ionas gur féidir le gach CGO freastal go héifeachtach ar riachtanais na ndaoine a gcuireann sé seirbhísí ar fáil dóibh. Is iad seo a leanas roinnt de na príomhghnéithe a bhaineann leis an Acht:

- athbhreithniú ar chomhdhéanamh na CGOanna ionas go gcuirtear ionadaíocht san áireamh do thuismitheoirí, múinteoirí agus grúpaí eile leasmhara.
- láidriú na struchtúr cuntasachta de réir nósanna imeachta nua-aimseartha um bainistíocht na seirbhíse poiblí ionas go rangaítear feidhmeanna an CGO i bhfeidhmeanna forchoimeádta agus feidhmeanna feidhmiúcháin;
- feidhmeanna breise do CGOanna i réimsí cosúil le hullmhú pleananna oideachais, pleananna seirbhíse, tuarascálacha bliantúla chomh maith le bunú coistí airgeadais agus iniúchta
- nósanna imeachta athbhreithnithe i dtaca le tuairisciú, cuntasaíocht agus airgeadas

Chomh maith leis an Acht Coiste Gairmoideachais (Leasú), tá reachtaíocht eile ann nach mór do gach CGO í a chomhlíonadh. Is reachtaíocht leathan í an reachtaíocht seo agus tugtar achoimre uirthi ar an leathanach thall:

Reachtaíocht Ábhartha do CGO Chontae an Longfoirt
• Acht na nDídeanaithe (1996)
• An tAcht um Eagrú Ama Oibre (1997)
• An tAcht Oideachais (1998)
• Acht na gCáilíochtaí, Oideachais agus Oiliúna (1999)
• An tAcht um Chomhionannas Fostaíochta (1999)
• An tAcht Oideachais (Leas) (2000)
• An tAcht um Stádas Comhionann (2000)
• An Páipéar Bán um Oideachas Aosach (2000)
• An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha) (2001)
• Acht na Leanaí (2001)
• An tAcht um Chomhairle Mhúinteoireachta (2001)
• An tAcht um Obair Óige (2001)
• An tAcht Gairmoideachais (Leasú)(2001)
• Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003)
• An Bille um Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas (2003)
• An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair ar Théarma Socraithe) (2003)
• Achtanna um Oideachas do Dhaoine le Riachtanais Speisialta Oideachais (2004)
• An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (2005)

Aithníonn an plean oideachais, mar sin, na ceanglais bhainistíochta agus riaracháin a chinnteoidh go gcomhlíonfadh CGO Chontae an Longfoirt a chuid freagrachtaí dlíthiúla agus rialála.

3.6 CEANGLAIS RIALACHAIS AN CGO

Tugadh isteach creat rialachais do CGOanna in 2005 chun tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm rialachais chorparáidigh ar an gcaighdeán is airde i ngach CGO. Cuimsíonn an creat na gnéithe seo a leanas:

- Cód Cleachtais do rialachas na CGOanna
- Cód Eitice do bhaill agus d'fhoireann an CGO;
- Dearbhú leasa agus coimhlintí leasa
- Cairt don iniúchadh inmheánach agus do dhualgais
- Bunú coistí iniúchta chun forbhreathnú agus treorú éifeachtach a sholáthar
- Measúnú agus bainistíocht an chaiteachais chaipitil
- Soláthar
- Freagrachtaí eitice an choiste CGO, an Phríomhoifigeach Fheidhmiúcháin agus bhaill foirne an CGO lena n-áirítear ionracas, dílseacht, cothroime agus freagracht
- Prionsabail na seirbhíse custaiméara ar ardchaighdeán

Feidhmeoidh na struchtúir rialachais, atá á gcur i bhfeidhm faoi láthair sna CGOanna, de réir an dea-chleachtais reatha atá i bhfeidhm i gcomhlachtaí eile stáit. Tabharfar faoi chur i bhfeidhm na struchtúr seo i rith shaolré an phlean oideachais seo agus glactar san áireamh mar chuid den phlean é.

3.7 ÉILIMH AGUS FORBAIRTÍ GAN PHLEANÁIL ATÁ AG TEACHT CHUN CINN

Tá sé tábhachtach a thuiscint agus an plean seo á ullmhú do CGO Chontae an Longfoirt nach bhféadfaí pleanáil a dhéanamh do gach forbairt agus nach mór don CGO a bheith in ann freagairt a thabhairt ar fhorbairtí gan phleanáil. Tabharfar faoi athbhreithniú bliantúil agus athbheartú tosaíochtaí ar an bplean oideachais de réir forbairtí nua d'fhonn a chinntiú go mbeidh ar chumas Chontae an Longfoirt éilimh gan phleanáil a aithint agus freagairt a thabhairt orthu.

3.8 IMPLEACHTAÍ OIDEACHAIS STRAITÉISEACHA DO CGO CHONTAE AN LONGFOIRT

Agus athbhreithniú déanta ar an timpeallacht ina bhfeidhmíonn CGO Chontae an Longfoirt, tugtar achoimre thíos ar shraith de na príomhchúrsaí straitéiseacha ar chosúil go n-imreoidís tionchar ar threoir oideachasúil an CGO suas go dtí 2010. Is iad seo a leanas na riachtanais:

- gníomh dírithe chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna i ndáil le clárú agus coinneáil mac léinn i scoileanna dara leibhéal CGO Chontae an Longfoirt
- gníomh chun an t-aitheantas ar chaighdeán na seirbhísí oideachais a sholáthraíonn GCO Chontae an Longfoirt a fheabhsú.
- measúnú ar na riachtanais laistigh d'oideachas aosach agus breisoideachas agus soláthar seirbhísí mar fhreagairt ar na riachtanais sin
- freagairt shoiléir agus dhírithe ar riachtanais oideachais agus oiliúna do dhaonra Chontae an Longfoirt, daonra atá ag éirí níos éagsúla de réir a chéile
- feasacht ar riachtanais daonra a thrasnaíonn scoilteanna uirbeacha agus tuaithe
- cur i bhfeidhm bheartais an rialtais maidir le hoideachas agus oiliúint agus soláthar cúrsaí agus seirbhísí a chomhlíonann na beartais sin
- comhlíonadh na gceanglas reachtúla agus rialachas agus forbairt an chumais riaracháin agus bhainistíochta chun na ceanglais sin a sheachadadh
- comhsheasmhacht le pleananna forbartha áitiúla, go háirithe, an Plean Forbartha Contae.

CAIBIDIL 4

Spriocanna Phlean Oideachais CGO Chontae an Longfoirt

Tá spriocanna i naoi bpríomhréimse aitheanta ag CGO Chontae an Longfoirt laistigh dá phlean cúig bliana, spriocanna a léiríonn a fhócas agus uaillmhian don mheántéarma amach anseo. Is iad seo a leanas na spriocanna:

Spriocanna Oideachais CGO Chontae an Longfoirt	
Sprioc 1:	Feabhas leanúnach ar oideachais dara leibhéal.
Sprioc 2:	Seirbhísí oideachais aosaigh a mhéadú
Sprioc 3:	Forbairt a dhéanamh ar obair don ógra agus seirbhísí spóirt
Sprioc 4:	Tacaíocht do rialachas agus bainistíocht na scéime
Sprioc 5:	Foráil a dhéanamh do riachtanais oideachais daonra ilchultúrtha
Sprioc 6:	Cumarsáid inmheánach CGO Cho. an Longfoirt a fheabhsú
Sprioc 7:	Meicníochtaí níos fearr um rialú cáilíochta a chur i bhfeidhm
Sprioc 8:	Infheistíocht a dhéanamh i dtacaíocht agus oiliúint foirne
Sprioc 9:	Forbairt agus athchóiriú caipitil

Bainfear gach ceann de na spriocanna sin amach trí shraith cuspóirí tacaíochta, a dtugtar cur síos orthu sna leathanaigh seo a leanas:

4.1 SPRIOC OIDEACHAIS 1: FEABHAS LEANÚNACH AR OIDEACHAS DARA LEIBHÉAL

Is seirbhís ríthábhachtach í an t-oideachas dara leibhéal a chuireann CGO Chontae an Longfoirt ar fáil agus tá sé tiomanta do chinnte a dhéanamh de go ndéanfar an fhorbairt is fearr ar a scoileanna dara leibhéal ó thaobh na gnéithe fisiciúla, airgeadais agus riaracháin de. Tá ceathair shainchuspóir ag CGO Chontae an Longfoirt i ndáil leis an sprioc seo:

Cuspóirí d'Fheabhas Leanúnach ar Oideachas Dara Leibhéal

Sprioc 1	**Cuspóir 1**	***Tacú le forbairt bhreise i mbainistíocht na scoileanna dara leibhéal***
Sprioc 1	**Cuspóir 2**	***Feabhas a chur ar leibhéal na gcláruithe***
Sprioc 1	**Cuspóir 3**	***Tionscnaimh nua a chur i bhfeidhm chun rátaí coinneála a fheabhsú i measc na mac léinn***
Sprioc 1	**Cuspóir 4**	***Struchtúir, beartais agus nósanna imeachta a thabhairt isteach chun tacú le seachadadh oideachais ar ardchaighdeán do gach mac léinn***

PLEAN OIDEACHAIS CGO CHO AN LONGFOIRT

Sprioc 1 Cuspóir 1 Tacú le forbairt bhreise i mbainistíocht na scoileanna dara leibhéal

Déanfaidh an CGO na rudaí seo a leanas chun tacaíocht a thabhairt do bhainistíocht na scoileanna dara leibhéal:

- tacóidh sé leis na Boird Bhainistíochta maidir le rialú agus bainistiú éifeachtach gach scoile
- bunóidh sé comhairlí tuismitheoirí agus comhairlí mac léinn d'fhonn saincheisteanna agus aon díol imní a thuiscint agus chun dul i ngleic leo sin ag céim luath
- soláthróidh sé oiliúint bhainistíochta d'fhoirne bainistíochta inscoile

Sprioc 1 Cuspóir 2 Feabhas a chur ar leibhéal na gcláruithe

Déanfaidh an CGO na rudaí seo a leanas chun leibhéal na gcláruithe a fheabhsú i scoileanna dara leibhéal:

- déanfaidh sé athbhreithnithe rialta ar ábharthacht an churaclaim atá á chur ar fáil agus cuirfear béim ar leith ar chláir nua a gcuireann an Roinn Oideachais agus Eolaíochta le chéile
- cuirfidh sé tús le comhairliúcháin rialta le tuismitheoirí agus mic léinn trína gcomhairlí chun saincheisteanna agus aon díol imní a thuiscint ag céim luath
- déanfaidh sé iniúchadh ar sholáthar reatha na gcúrsaí agus déanfaidh sé anailís bhreithiúnach air chun tuiscint a fháil ar an méid ar féidir leis an CGO a thairiscint mar fhreagairt ar thimpeallacht sheachtrach athraitheach a mbaineann an-éagsúlacht léi
- déanfaidh sé athbhreithniú ar cheanglais chun an t-oideachas dara leibhéal is fearr a sholáthar do dhaonra éagsúil
- feabhsóidh sé na saoráidí i scoileanna CGO
- déanfaidh sé foráil don churaclam oideachais is leithne agus is féidir tríd an gcuraclam a leathnú agus athbhreithniú a dhéanamh ar na féidearthachtaí a bhaineann le réimse níos leithne gníomhaíochtaí seachchuraclaim a fhorbairt
- tabharfaidh sé faoi fheachtas margaíochta, PR agus cumarsáide a dhíreoidh ar mhic léinn bunscoile, tuismitheoirí agus an pobal i gcoitinne chun béim a leagan ar na buntáistí a bhaineann le freastal ar scoileanna CGO agus ár gcuid láidreachtaí, tairbhí agus réimse seirbhísí á léiriú

Sprioc1 Cuspóir 3 Tionscnaimh nua a chur i bhfeidhm chun rátaí coinneála a fheabhsú i measc na mac léinn

Déanfaidh CGO Chontae an Longfoirt an méid seo a leanas chun coinneáil na mac léinn a fheabhsú go leanúnach ina scoileanna dara leibhéal:

- déanfaidh sé athbhreithniú ar sholáthar reatha cúrsaí agus pleananna indibhidiúla foghlama agus déanfaidh sé anailís bhreithiúnach orthu sin chun an chaoi is féidir leis an CGO an fhoráil is fearr a dhéanamh dá chuid mac léinn go léir a aithint, i bhfianaise riachtanais éagsúla na mac léinn i bpróifíl athraitheach
- cuirfidh sé próiseas teagmhála rialta i bhfeidhm le tuismitheoirí i ndáil le tinreamh scoile
- cuirfidh sé príomhbheartais i bhfeidhm chun taifead tinrimh neamhrialta a laghdú más ann dá leithéid
- déanfaidh sé monatóireacht ar fhreagairt an lae chéanna ar neamhláithreachas agus cuirfidh sé i bhfeidhm í
- oibreoidh sé go dlúth leis an oifigeach áitiúil um leas oideachais
- déanfaidh sé athbhreithniú ar na deiseanna agus na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith le soláthar idirchaidrimh bhaile-scoile do gach scoil
- ardóidh sé féinmhuinín na mac léinn agus beidh ionchais arda aige maidir leis na mic léinn go léir
- déanfaidh sé athbhreithniú ar an bhféidearthacht a bhaineann le saoráidí lónadóireachta a sholáthar nó a leathnú do mhic léinn i scoileanna
- aithneoidh sé riachtanais na mac léinn sin is mó atá i mbaol san aoisghrúpa 14 – 16 agus díreoidh sé ar réimse oideachais agus seirbhísí tacaíochta a sholáthar le freastal ar a riachtanais

- rachaidh sé i mbun idirchaidrimh le Boird Bhainistíochta agus soláthróidh sé tacaíocht dóibh chun aghaidh a thabhairt ag céim luath ar shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn
- oibreoidh sé chun deiseanna taithí fostaíochta a fhorbairt agus chun naisc ábhartha thionscail a chruthú a spreagfaidh suim an mhic léinn aonair

glacfaidh sé cur chuige onnghníomhach maidir le cead a lorg ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta do phoist bhreise foirne le freastal ar riachtanais speisialta ár mac léinn

Sprioc 1 **Cuspóir 4** ***Struchtúir, beartais agus nósanna imeachta a thabhairt isteach chun tacú le seachadadh oideachais ar ardchaighdeán do gach mac léinn***

Déanfaidh CGO Chontae an Longfoirt an méid seo a leanas d'fhonn bearta a chur i bhfeidhm chun tacaíocht a thabhairt d'oideachas na mac léinn go léir:

- rachaidh sé i mbun idirchaidrimh le baill foirne an CGO ar bhonn onnghníomhach chun a chinntiú go bhfaigheann siad spreagadh agus tacaíocht maidir lena bhfreagrachtaí a sheachadadh agus chun a chinntiú go n-aithneofar príomh-shaincheisteanna agus go dtabharfar aghaidh orthu go pras
- déanfaidh sé boird bhainistíochta a ionchumhachtú agus tacóidh sé leo ar bhonn onnghníomhach rialta le cúnamh a thabhairt dóibh agus iad ag plé le saincheisteanna bainistíochta scoile
- déanfaidh sé athbhreithniú ar thacaíochtaí agus forálacha chun cabhair a thabhairt do lucht bainistíochta na scoile d'fhonn foráil a dhéanamh do mhic léinn le riachtanais speisialta
- cabhróidh sé le scoileanna chun córais tréadchúraim a fhorbairt agus a athbhreithniú go leanúnach
- tacóidh sé le scoileanna chun cóid disciplín shoiléire agus chothroma agus atreisiú dearfach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do gach mac léinn
- oibreoidh sé le scoileanna chun rialacháin agus beartais dhaingne tráthúla scoile a chur i bhfeidhm d'fhonn an timpeallacht foghlama is fearr agus is féidir a chinntiú do bhaill foirne agus do mhic léinn
- bunóidh sé Comhairle Mac Léinn i ngach scoil d'fhonn dearcaí na mac léinn a fháil amach

4.2 SPRIOC OIDEACHAIS 2: FORBAIRT AN OIDEACHAIS AOSAIGH

Tá clár cuimsitheach seirbhísí um oideachas aosach agus breisoideachas á chur ar fáil ag CGO Chontae an Longfoirt faoi láthair agus tá sé tiomanta d'fhorbairt agus d'fheabhas leanúnach na seirbhísí sin de réir na riachtanas atá ag teacht chun cinn. Aithníonn an CGO na baic phraiticiúla agus mhothúchánacha a d'fhéadfadh cosc a chur ar aosaigh ar mhaith leo filleadh ar an oideachas é sin a dhéanamh. Dá bhrí sin, tá an CGO tiomanta don mhéid tacaíochtaí agus is féidir a chur i bhfeidhm d'Oideachas Aosach.

Tá cúig chuspóir ar leith aitheanta ag CGO an Longfoirt i réimse an Oideachais Aosaigh. Tugtar cur síos ar na cuspóirí sin sa tábla thíos:

Cuspóirí um Fhorbairt an Oideachais Aosaigh

Sprioc 2	**Cuspóir 1**	***Réimse leathan clár foirmiúil agus neamhfhoirmiúil foghlama ar ardchaighdeán a chur ar fáil, a thabharfaidh freagairt ar riachtanais an fhoghlaimeora***
Sprioc 2	**Cuspóir 2**	***Soláthar Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta atá ar ardchaighdeán agus ábhartha a chinntiú***
Sprioc 2	**Cuspóir 3**	***Leanúint ar aghaidh ag forbairt oideachas lánaimseartha athdheise in Ógtheagmháil, san Ionad Oideachas don Lucht Siúil agus sa Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS)***
Sprioc 2	**Cuspóir 4**	***An fócas, fáil agus inrochtaineacht ar oideachas aosach páirtaimseartha a fheabhsú***

Sprioc 2	***Cuspóir 1***	***Réimse leathan clár foirmiúil agus neamhfhoirmiúil foghlama ar ardchaighdeán a sholáthar, a thabharfaidh freagairt ar riachtanais an fhoghlaimeora***

Oibreoidh an CGO chun caighdeán a chlár um Oideachas Aosach a fheabhsú go leanúnach trí na tionscnaimh seo a leanas a sheachadadh:

- liosta cuimsitheach de na cúrsaí reatha a chur le chéile trí phróiseas foirmiúil iniúchta
- riachtanais oideachais daoine aonair agus grúpaí a aithint
- dea-chleachtas a chinntiú trí fheasacht ar na straitéisí reatha náisiúnta agus idirnáisiúnta a chothabháil
- a chinntiú go mbeidh treoir um oideachas aosach ar fáil do na mic léinn go léir agus do mhic léinn ionchasacha
- cláir fhoghlama atá oiriúnach agus nuálaíoch a sholáthar a bhaineann le riachtanais daoine aonair
- tosaíocht a thabhairt do sholáthar dóibh siúd lena mbaineann na leibhéil litearthachta is ísle
- soláthar na foghlama san áit oibre a leathnú
- cláir fhor-rochtana oideachas pobail a sholáthar do ghrúpaí pobail i gceantair uirbeacha agus tuaithe
- a chinntiú gur baill foirne atá cáilithe go cuí a sheachadann na cláir
- beartais agus nósanna imeachta um dhearbhú cáilíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do gach uile chlár
- a chinntiú go gcuirtear cúrsaí oideachais aosaigh ar fáil i dtimpeallacht atá dírithe ar an duine agus a dhéanann éascaíocht don fhoghlaim
- a chinntiú go n-aimseofar áitreabh oiriúnach d'Ionad Foghlama Aosaigh i mbaile Longfoirt
- uilechuimsitheacht agus comhionannas a chur chun cinn
- méadú ar mhaoiniú do thacaíocht cúraim leanaí a lorg
- tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt leanúnach foirne
- feasacht a ardú ar sholáthar oideachais aosaigh agus breisoideachais lánaimseartha agus páirtaimseartha

Sprioc 2 Cuspóir 2 *Soláthar Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta atá ar ardchaighdeán agus ábhartha a chinntiú*

Oibreoidh CGO Chontae an Longfoirt chun soláthar cúrsaí PLC ar ardchaighdeán a chinntiú trí:

- athbhreithniú a dhéanamh, i gcomhar le gníomhaireachtaí eile lena n-áirítear an tSeirbhís Treorach Aosoideachais, ar na cúrsaí reatha chun riachtanais a aithint agus chun cur ar chumas an CGO freagairt a thabhairt ar thimpeallacht sheachtrach athraitheach a mbaineann an-éagsúlacht léi
- naisc ghníomhacha a chruthú le fostóirí chun riachtanais na bhfostóirí a aithint chomh maith leis na scileanna a bhfuil gá leo le tacú le soláthar agus fócas na gcúrsaí PLC
- caighdeáin FETAC um Dhearbhú Cáilíochta a chur i bhfeidhm do na cúrsaí go léir
- tábhacht an ionduchtúcháin, an chomhordaithe agus na meantóireachta a aithint sa réimse PLC
- soláthar na hoiliúna agus na tacaíochta do bhaill foirne nach bhfuil mórán taithí acu ar obair a dhéanamh le haosaigh
- forbairt leanúnach ghairmiúil na mball foirne a chur chun cinn

Sprioc 2 Cuspóir 3 *Leanúint ar aghaidh ag forbairt oideachas lánaimseartha athdheise in Ógtheagmháil, san Ionad Oideachais don Lucht Siúil agus in VTOS*

Tá CGO Chontae an Longfoirt tiomanta d'fhorbairt leanúnach an oideachais athdheise a chinntiú. Tabharfaidh an CGO faoi na tionscnaimh seo a leanas chun an méid sin a bhaint amach:

- aithneoidh sé riachtanais na ndaoine aonair agus na ngrúpaí atá i dteideal a bheith rannpháirteach sna cláir sin
- soláthróidh sé cláir agus seirbhísí cuí solúbtha le freastal ar riachtanais aitheanta
- leathnóidh sé an curaclam agus déanfaidh sé é a shaibhriú agus méadóidh sé an rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí seachchuraclaim
- déanfaidh sé breisfhorbairt ar sholáthar na tacaíochta foghlama
- soláthróidh sé foghlaimeoirí leis an eolas agus na scileanna a bhfuil gá leo don saol
- déanfaidh sé tosaíocht do sholáthar dóibh siúd lena mbaineann na leibhéil is ísle litearthachta agus uimhearthachta
- glacfaidh sé an Creat Náisiúnta um Ardchaighdeán do Ógtheagmháil agus Ionaid Oideachais agus Oiliúna don Lucht Siúil
- bunóidh sé beartais agus nósanna imeachta FETAC um dhearbhú cáilíochta
- uilechuimsitheacht agus comhionannas a chur chun cinn
- méadú ar mhaoiniú do thacaíocht cúraim leanaí a lorg
- tacóidh sé le hoiliúint agus forbairt na mball foirne
- forbróidh sé naisc leis an gCumann Tráchtála agus le fostóirí ionas gur féidir le mic léinn eolas a fháil faoi dheiseanna áitiúla fostaíochta agus iad a thuiscint, taithí oibre lánbhrí a fháil agus ionchas fostaíochta a mhéadú
- cinnteoidh sé fáil ar threoir agus comhairleoireacht oideachais d'aosaigh

Sprioc 2 Cuspóir 4 *Fócas, fáil agus inrochtaineacht ar oideachas aosach páirtaimseartha a fheabhsú*

Is mian leis an CGO fócas agus fáil ar a chláir oideachais aosaigh páirtaimseartha a fheabhsú go leanúnach chun a chinntiú go mbaineann an ábharthacht agus an caighdeán leo le freastal ar riachtanais na mac léinn ionchasach go léir. Aithníonn CGO Chontae an Longfoirt na baic phraiticiúla nó mhothúchánacha a d'fhéadfadh cosc a chur ar an-chuid aosach ar mhaith leo filleadh ar an oideachas é sin a dhéanamh. Dá bhrí sin, tá an CGO tiomanta don mhéid tacaíochtaí agus is féidir a sholáthar do mhic léinn.

Déanfaidh an CGO an méid seo a leanas chun é sin a dhéanamh:

- cothóidh sé liosta cuimsitheach de na cúrsaí reatha atá ar fáil agus déanfaidh sé nuashonrú air
- méadóidh sé feasacht ar an soláthar reatha faoi gach clár oideachais aosaigh
- seachadfaidh sé cláir in áitribh inrochtana oiriúnacha dea-chothaithe, agus go háirithe, aimseoidh sé áitribh oiriúnach do litearthacht aosach

- cuirfidh sé próiseas foghlama gníomhaí chun cinn i measc na mac léinn
- bainfidh sé an leas is fearr as scoileanna agus ionaid CGO um sheachadadh cúrsaí páirtaimseartha
- cuirfidh se uilechuimsitheacht, comhionannas agus meas chun cinn agus freastalóidh sé ar éagsúlacht
- cloífidh sé le caighdeáin chreidiúnaithe leanúnacha
- soláthróidh sé sainoiliúint do na baill foirne go léir a bhfuil baint acu le hoideachas aosach
- díreoidh sé ar shainghrúpaí aosach lena mbaineann an gá is mó do sheirbhísí oideachais aosaigh agus soláthróidh sé seirbhísí tacaíochta leordhóthanacha chun éascaíocht a dhéanamh dá gcomhtháthú in oideachas aosach
- ranganna páirtaimseartha a bhunú faoin BTEI do dhaoine óga idir 16 agus 18 mbliana d'aois nach bhfreastalaíonn ar chlár lánaimseartha agus atá i dteideal leas a bhaint as Ógtheagmháil
- bainfidh sé leas as deiseanna foghlama do bhaill foirne agus mic léinn atá ar fáil faoi thionscadail mhalartaithe atá maoinithe ag an AE
- rachaidh sé i mbun comhpháirtíochta agus idirchaidrimh le soláthróirí eile oideachais aosaigh chun dúbailt a sheachaint agus chun éascaíocht a dhéanamh d'aiseolas

4.3 SPRIOC OIDEACHAIS 3: FORBAIRT A DHÉANAMH AR OBAIR DON ÓGRA AGUS SEIRBHÍSÍ SPÓIRT

Leagann an tAcht um Obair don Aos Óg an fhreagracht as cur i bhfeidhm an Achta agus as forbairt na hoibre óige ar na CGOanna. Tá CGO Chontae an Longfoirt ag feitheamh faoi láthair ar airgeadas agus acmhainní chun tús a chur leis an bpróiseas chun an tAcht um Obair don Aos Óg a chur i bhfeidhm. Aithnítear, dá bhrí sin, go mbeidh obair don ógra agus tacaíocht don ógra mar phríomhréimse do CGO Chontae an Longfoirt agus beidh sé mar ghné thábhachtach dá phlean oibre amach anseo. Dá bhrí sin, áirítear sainchuspóirí sa réimse seo sa phlean agus tugtar achoimre orthu sa tábla thíos:

Cuspóirí um Fhorbairt a dhéanamh ar obair don Ógra agus Seirbhísí Spóirt

Sprioc 3	**Cuspóir 1**	***Cur chuige onnghníomhach a ghlacadh maidir le forbairt na ngníomhaíochtaí um Obair don Ógra***
Sprioc 3	**Cuspóir 2**	***Obair a dhéanamh chun tacú le forbairt sochaí sláintiúla onnghníomhaí i gCo. an Longfoirt***

Sprioc 3 Cuspóir 1 Cur chuige onnghníomhach a ghlacadh maidir le forbairt na ngníomhaíochtaí um obair don ógra

Tá sé mar aidhm ag CGO Chontae an Longfoirt bheith uaillmhianach agus onnghníomhach i dtaca le forbairt na ngníomhaíochtaí um Obair don Ógra nuair a chuirfear acmhainní ar fáil (rud a fhógrófar go gairid) trí:

- coiste um chomhordú ógra a bhunú
- próiseas comhairliúcháin a thosú maidir leis an soláthar reatha don ógra sa chontae i gcomhar le heagraíochtaí ógra agus seirbhísí eile gaolmhara, lena n-áirítear, go háirithe, Acmhainní Pobail Longfoirt agus Foróige
- plean um obair don ógra a chur le chéile a chomhordóidh na pleananna, gníomhaíochtaí agus acmhainní ar fud an chontae, ag díriú go háirithe ar dhaoine óga faoi mhíbhuntáiste
- díriú ar fhorbairt chomhpháirtíochtaí le gníomhaireachtaí eile chun an soláthar seirbhísí is fearr do dhaoine óga a chinntiú
- obair a dhéanamh chun maoiniú ionchasach a aithint agus a aimsiú chun deiseanna a sholáthar do dhaoine óga
- an gá atá ann le hIonaid Faisnéise do Dhaoine Óga laistigh den chontae agus an fhéidearthacht a bhaineann lena gcur ar fáil a aithint
- athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an phlean um obair don ógra ar bhonn bliantúil

Sprioc 3	Cuspóir 2	*Obair a dhéanamh chun tacú le forbairt sochaí sláintiúla onnghníomhaí i gCo. an Longfoirt*

Tá sé mar chuspóir ag Comhairle Chomhairleach Spóirt an CGO comhpháirtíocht spóirt laistigh den chontae a shocrú. Coinneoidh an coiste seo leis na cuspóirí seo a leanas:

- togra a ullmhú agus a chur isteach um Chomhpháirtíocht Spóirt Áitiúil a bhunú laistigh den chontae
- tograí eile a ullmhú agus a chur isteach um thacaíocht a fháil ó ghníomhaireachtaí oiriúnacha lena n-áirítear an Crannchur Náisiúnta
- clár faisnéise agus feasachta a fhorbairt, arna dhearadh chun na tairbhí a bhaineann leis an siúl agus le haclaíocht eile rialta a chur chun cinn agus a bheidh dírithe ar dhaoine de gach aois agus cumas
- tacaíocht ghníomhach a chur ar fáil do chlubanna agus do chumainn chun Cóid Eitice oiriúnacha a fhorbairt agus chun riachtanais traenála a aithint agus a sholáthar
- an fhéidearthacht a bhaineann le húsáid uirlisí cumarsáide cosúil le láithreán gréasáin agus nuachtlitir a aithint agus a athbhreithniú
- faisnéis agus ábhar a fhorbairt agus a chur ar fáil maidir leis na tairbhí a bhaineann le stíl bheatha shláintiúil agus ghníomhach agus maidir leis na deiseanna i gceantar Chontae an Longfoirt ina thaobh sin. Príomhthionscnaimh, go háirithe, cosúil leis an bhFeachtas “Go for Life” a chur chun cinn
- idirchaidreamh a dhéanamh leis na hÚdaráis Áitiúla i gContae an Longfoirt agus le hÚdaráis Áitiúla eile i ndáil le post mar Oifigeach Forbartha Spóirt a fháil
- spórt a chur chun cinn sna scoileanna trí ghníomhaíochtaí agus comórtais idirscoile agus idir-ranga

4.4 SPRIOC OIDEACHAIS 4: TACAÍOCHT DO RIALACHAS AGUS BAINISTÍOCHT CGO CHONTAE AN LONGFOIRT

Treoraíonn an tAcht Gairmoideachais (Leasú) 2001 agus an Cód Cleachtais um Rialú na CGOanna rialachas agus bainistíocht CGO Chontae an Longfoirt. Chuir siad sin go leor athruithe tábhachtacha ar fheidhmiú na CGOanna maidir le rialachas, eagrúchán agus bainistíocht. Tá obair déanta ag CGO Chontae an Longfoirt chun na hathruithe sin a chur i bhfeidhm agus leanfaidh sé ar aghaidh á gcur i bhfeidhm le himeacht ama. Tugtar cur síos thíos ar chuspóirí an CGO ina thaobh sin:

Cuspóirí um rialachas agus bainistíocht CGO Chontae an Longfoirt

Sprioc 4	**Cuspóir 1**	***Cóid rialachais a bhaineann lenár* gcreat cuntasachta *a chur i bhfeidhm.***
Sprioc 4	**Cuspóir 2**	***Cur chuige comhpháirtíochta a ghlacadh***

Sprioc 4	Cuspóir 1	*Cóid rialachais, a bhaineann lenár gcreat cuntasachta, a chur i bhfeidhm*

D’fhonn dea-chleachtas i ngach réimse rialachais agus bainistíochta a chur chun cinn agus chun cinnte a dhéanamh de go n-oibríonn an scéim ar na caighdeáin ionracais, chuntasachta agus oscailteacht is airde agus is féidir, cuirfidh CGO Chontae an Longfoirt an méid seo a leanas i bhfeidhm agus cloífidh sé leis:

- Beidh Cóid Eitice d’fhoireann agus do bhaill an Choiste i bhfeidhm agus comhlíonfar iad. Beidh comhlíonadh na mbunphrionsabal seo a leanas mar chuid riachtanach den chód – ionracas, rúndacht, oibleagáidí, dílseacht, cothroime agus cúrsaí timpeallachta seachtraí
- Dearbhú Leasa Gnó: Ní mór do gach ball den Choiste agus gach duine i bpost fostaíochta ainmnithe dearbhú leasa gnó a dhéanamh ar bhonn bliantúil d’fhonn aon choimhlint leasa a sheachaint
- Cur Chun Cinn Seirbhíse Custaiméirí ar Ardchaighdeán d’fhoghlaimeoirí, baill foirne agus gach cliant de chuid an CGO. Glacfaidh an CGO agus é ag plé leis an bpobal, agus cuirfidh sé chun chinn an caighdeán seirbhíse a mbíonn custaiméirí ag súil leis sna réimsí a bhaineann le comhionannas/éagsúlacht, rochtain fhisiciúil, eolas, tráthúlacht agus cúirtéiseacht, gearáin, achomhairc, comhairliúchán agus measúnacht, rogha agus comhionannas na dteangacha oifigiúla

- ullmhú ráitis ar chóras rialúcháin inmheánaigh airgeadais. Cinnteoidh CGO Chontae an Longfoirt go dtabharfar faoi na nósanna imeachta cuí um thuairisciú airgeadais, iniúchadh inmheánach, comhlíonadh cánach, soláthar agus diúscairt sócmhainní d'fhonn cothabháil agus oibríocht rialúchán éifeachtach inmheánach airgeadais
- luach saothair – comhlíonfar beartas an Rialtais maidir le pá, lena n-áirítear nósanna imeachta agus córais i ndáil le taisteal agus cothabháil
- Plean Seirbhíse – Ullmhóidh CGO Chontae an Longfoirt plean seirbhíse bliantúil a dhéanann cur síos ar na seirbhísí atá beartaithe aige a chur ar fáil chomh maith le meastachán an ioncaim agus an chaiteachais a bheidh ag teastáil. Bunófar cur i bhfeidhm an phlean sheirbhíse ar an gcaiteachas faofa don bhliain, arna chur in iúl ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta
- Tuarascáil Bhliantúil – Ullmhófar Tuarascáil Bhliantúil i ndáil le comhlíonadh fheidhmeanna an CGO ag deireadh na bliana

Sprioc 4 Cuspóir 2 Cur chuige comhpháirtíochta a ghlacadh

Oibríonn CGO Chontae an Longfoirt, mar ghníomhaireacht reachtúla, i gcomhpháirtíocht le fo-rannóga ábhartha go léir na Roinne Oideachais agus le gníomhaireachtaí agus grúpaí reachtúla, deonacha agus pobail laistigh den chontae. Tá ról ionadaíoch ag an CGO chomh maith ar bhoird, fochoistí agus grúpaí oibre an-chuid de na gníomhaireachtaí sin. Díreoidh an CGO go gníomhach ar chur chuige comhpháirtíochta le comhlachtaí ábhartha amach anseo trí:

- comhoibriú gníomhach a dhéanamh le soláthróirí eile oideachais agus gníomhaireachtaí i gCo. an Longfoirt
- iniúchadh a dhéanamh ar sholáthróirí reatha an oideachais aosaigh agus an bhreisoideachais i gCo. an Longfoirt agus sna contaetha thart air agus féidearthachtaí um chomhpháirtíocht a aithint
- éascaíocht a dhéanamh d'fhorbairt an mhic léinn trí dheiseanna fostaíochta agus naisc thionscail ábhartha a chruthú
- éascaíocht a dhéanamh d'fhorbairt deiseanna um dhul chun cinn do mhic léinn trí idirchaidreamh agus comhpháirtíocht le bunscoileanna ar láimh amháin agus le soláthróirí oideachais tríú leibhéal agus breisoideachais ar an láimh eile
- ról lárnach a ghlacadh trí chomhpháirtíocht le han-chuid eagraíochtaí eile maidir le gníomhaíochtaí um Obair don Ógra
- dul i gcomhpháirtíocht go sonrach le heagraíochtaí d'fhonn aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna míchumais ar mhodh mothálach agus cuí
- réimsí a aithint ina bhfuil bearnaí agus forluí agus réitigh nualáíocha orthu sin a aithint trí choistí comhpháirtíochta cosúil leis an mBord Oideachais Aosaigh
- na comhaontuithe ar socraíodh orthu faoin bhFóram Náisiúnta Comhpháirtíochta a chur i bhfeidhm
- naisc a chruthú leis na CGOanna máguaird chun deiseanna traschontae a aithint agus chun an leas is fearr a bhaint as tairbhí na príomhthionscnamh oideachais

4.5 OIDEACHAIS

Sprioc 5 Cuspóir 1 Foráil a dhéanamh ar mhodh iomlánach do riachtanais oideachais réimse éagsúil mac léinn

Ní mór do CGO Chontae an Longfoirt freastal éifeachtach a dhéanamh ar riachtanais réimse mac léinn atá ag éirí níos éagsúla de réir a chéile, idir phaistí agus aosaigh. Tá sé mar aidhm ag CGO Chontae an Longfoirt de bhun an chuspóra:

- cur chuige dearfach a ghlacadh maidir le huilechuimsitheacht, idirchultúrachas agus frithchiníochas
- oibriú laistigh de chomhthéacs cur chuige cearta-bhunaithe comhionannais
- beartais éifeachtacha frithchiníochais agus uilechuimsitheacha a chur i bhfeidhm
- cur chuige foghlaimeoirlárnach, riachtanaisbhunaithe a chinntiú maidir le seachadadh clár

- tacú le mic léinn dara leibhéal chun an curaclam príomhshruthaithe a chríochnú
- tacú le mic léinn aosaigh chun rochtain a fháil ar chláir oideachais aosaigh agus chun páirt a ghlacadh iontu
- oiliúint frithchiníochais a sholáthar don fhoireann go léir
- oiliúint um fheasacht chultúrtha a chur ar fáil don fhoireann go léir
- oiliúint chuí a sholáthar do mhúinteoirí go léir na mac léinn nach é an Béarla a bpríomhtheanga
- reachtaíocht um chomhdheiseanna a chomhlíonadh

4.6 SPRIOC OIDEACHAIS 6: CUMARSÁID A FHORBAIRT AGUS A FHEABHSÚ

Cuirfidh CGO Chontae an Longfoirt sraith ghníomhartha i bhfeidhm chun cumarsáid inmheánach agus sheachtrach a fheabhsú, rud a rachaidh chun tairbhe a bhall coiste, a bhall foirne, a mac léinn, a dtuismitheoirí agus páirtithe leasmhara eile.

Cuspóirí um Chumarsáid a Fhorbairt agus a Fheabhsú

Sprioc 6	**Cuspóir 1**	***Cumarsáid inmheánach a fhorbairt agus a fheabhsú***
Sprioc 6	**Cuspóir 2**	***Cumarsáid sheachtrach a fhorbairt agus a fheabhsú***

Sprioc 6 Cuspóir 1 Cumarsáid inmheánach a fhorbairt agus a fheabhsú

Oibreoidh CGO Chontae an Longfoirt chun meicníochtaí cumarsáide a fheabhsú mar seo a leanas:

- tuiscint agus feasacht ar shaincheisteanna reatha a fheabhsú i measc ball foirne, mac léinn agus tuismitheoirí
- naisc idir scoileanna, ionaid agus na hoifigí riaracháin a fheabhsú
- struchtúir nua rialachais a úsáid chun a chinntiú go gcuirtear saincheisteanna tábhachtacha in iúl ar bhealach soiléir tráthúil dírithe do bhaill agus d'fhoireann an CGO
- a chinntiú go reáchtáiltear cruinnithe rialta foirne laistigh de gach ionad chun críche faisnéise a thabhairt agus na cumarsáide débhealaí
- nuachtlitir ráithiúil a fhoilsiú chun an fhoireann agus na baill a chur ar an eolas maidir le saincheisteanna, forbairtí agus gnóthachain
- lámhleabhar foirne a chur le chéile a thabharfaidh léargas ar bheartais agus nósanna imeachta an CGO agus faisnéis eile ábhartha
- an clár ionduchtúcháin foirne a athbhreithniú agus a leasú chun baill foirne nua a chur ar an eolas faoi sheirbhísí, beartais agus nósanna imeachta na heagraíochta
- clár forbartha bliantúil foirne a thabhairt isteach chun éascaíocht a dhéanamh do mhalartú faisnéise agus roinnt an tsaineolais
- úsáid na cumarsáide leictreonaí a spreagadh

Sprioc 6 Cuspóir 2 Cumarsáid sheachtrach a fhorbairt agus a fheabhsú

Is é cuspóir na cumarsáide seachtraí ná cinnte a dhéanamh de go bhfuil faisnéis bheacht faoinár gcláir ar fáil ar bhealach cuí do pháirtithe leasmhara seachtracha a bhfuil suim reatha nó ionchasach acu inár gcuid seirbhísí. Oibreoidh CGO Chontae an Longfoirt chun a mheicníochtaí cumarsáide seachtracha a fheabhsú mar seo a leanas:

- straitéis um chaidreamh poiblí a thionscnú chun ár gcuid seirbhísí agus gnóthachan a chur chun cinn
- beartas a ghlacadh chun a chinntiú go gcuirfear na forbairtí go léir laistigh den CGO in iúl ar mhodh oiriúnach agus tráthúil trí na meáin áitiúla
- oifigeach cumarsáide a cheapadh laistigh d'oifigí lárnacha an CGO chun preas agus meáin áitiúla a úsáid le tuairisciú a dhéanamh ar ghnéithe dearfacha CGO Chontae an Longfoirt ar bhonn rialta

- cur chuige comhtháite struchtúrtha a chur i bhfeidhm chun caighdeán agus inrochtaineacht na gcúrsaí oideachais aosaigh a chur chun cinn a thuilleadh
- 'Treoir do Chúrsaí an CGO' a fhoilsiú go bliantúil a leagann béim ar éagsúlacht agus láidreachtaí sholáthar an CGO
- díriú ar an gcaighdeán a bhaineann leis na cúrsaí náisiúnta creidiúnaithe a sholáthraíonn an CGO a chur in iúl go soiléir
- córas a chur i bhfeidhm chun tacaíocht a thabhairt do scoileanna dara leibhéal maidir le díriú ar mhic léinn bunscoile laistigh den phríomhcheantar scoile
- an láithreán gréasáin reatha a nuashonrú

4.7 SPRIOC 7: MEICNÍOCHTAÍ UM RIALÚ CÁILÍOCHTA A FHORBAIRT AGUS A CHUR I BHFEIDHM

Leanfaidh CGO Chontae an Longfoirt ar aghaidh ag déanamh athbhreithniú ar a mheicníochtaí um rialú cáilíochta de réir caighdeáin reatha cháilíochta agus chleachtas chun a chinntiú go ndéanann sé foráil don taithí agus do na torthaí is fearr is féidir ó thaobh na múinteoireachta agus na foghlama de.

Sprioc 7 Cuspóir 1 Acmhainní a leithdháileadh le meicníocht um rialú cáilíochta a aithint, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar na bealaí seo a leanas

- a chinntiú go bhfuil an plean forbartha cuí i bhfeidhm i ngach ionad, lena n-áirítear an Creat cuí um Dhearbhú Cáilíochta ar comhaontaíodh air go náisiúnta
- a chinntiú go n-áirítear tiomantas do chaighdeáin cháilíochta sna réimsí a bhaineann le bainistíocht, curaclam, timpeallacht foghlama agus earcaíocht agus forbairt foirne i bplean iomlán gach ionaid
- a chinntiú go dtugtar faoi phróiseas timthriallach monatóireachta, meastóireachta agus athbhreithnithe ar na pleananna agus go dtugtar faoi nósanna imeachta um dhearbhú cáilíochta i ngach ionad chun dea-chleachtas a dhoiciméadú agus chun réimsí atá le feabhsú a aithint
- a chinntiú go gcuirtear treoirlínte dea-chleachtais le chéile i ngach réimse oibriúcháin laistigh den CGO agus go gcuirtear ar fáil iad do na páirtithe leasmhara go léir
- maoiniú CGO a úsáid chun tacú le hoiliúint agus forbairt rialta leanúnach na mball foirne atá dírithe ar fheabhsú cáilíochta

4.8 SPRIOC 8: TACAÍOCHT A THABHAIRT D'FHORBAIRT AGUS OILIÚINT FOIRNE

Tá CGO Chontae an Longfoirt, mar phríomhfhoras oideachais, tiomanta d'fhorbairt leanúnach phearsanta agus ghairmiúil a bhall foirne trí thacaíochtaí agus oiliúint riachtanach a sholáthar. Glactar leis go bhfuil ról ríthábhachtach ag baill foirne maidir le cuspóirí an CGO a bhaint amach agus maidir lena sheirbhísí a sheachadadh. Braithfidh seachadadh an phlean seo, go háirithe, ar dhúthracht, inspreagadh agus feidhmíocht gach ball foirne.

Sprioc 8 Cuspóir 1 Acmhainní méadaithe a infheistiú i bhforbairt foirne

Déanfaidh CGO Chontae an Longfoirt an méid seo a leanas mar aitheantas ar an luach a bhaineann le rannpháirtíocht gach ball foirne:

- beartas forbartha foirne a chur le chéile i gcomhairle le baill foirne agus an lucht bainistíochta
- éascaíocht a dhéanamh do bhaill foirne le freastal ar oiliúint ábhartha inseirbhíse
- baill foirne a spreagadh chun páirt a ghlacadh sa bhreisoiliúint chuí, agus tagairt ar leith á déanamh do riachtanais speisialta oideachais agus éagsúlacht

- éascaíocht a dhéanamh do bhaill foirne, a mhéid agus is indéanta, chun leas a bhaint as socruithe solúbtha oibre
- cláir induchtúcháin foirne a fhorbairt do gach catagóir bhaill foirne an CGO
- a chinntiú go ndéantar measúnaithe foirne do na gráid chuí foirne
- tacaíocht a thabhairt do bhaill foirne tacaíochta maidir lena scileanna a nuashonrú agus dul in oiriúint do theicneolaíocht nua
- tacaíocht a thabhairt do bhaill foirne riaracháin agus do bhaill foirne eile agus a scileanna um sheirbhís chustaiméara á fhorbairt acu
- tacaíocht a thabhairt do bhaill choiste chun a bhfreagrachtaí rialachais a thuiscint agus a chomhlíonadh
- tacaíocht a thabhairt do lucht bainistíochta scoileanna an CGO agus oiliúint bhainistíochta á déanamh acu
- oiliúint in idirchultúrachas agus frithchiníochas a sholáthar
- a chinntiú go bhfuil gach ball foirne ar an eolas faoin reachtaíocht ábhartha

4.9 SPRIOC 9: FORBAIRT AGUS ATHCHÓIRIÚ CAIPITIL

Dar le CGO Chontae an Longfoirt baineann luach ard le cinnte a dhéanamh de gur timpeallacht shábháilte ar ardchaighdeán í an timpeallacht tógtha, a bhfeidhmíonn an mhúinteoireacht, an fhoghlaim agus an riarachán inti. Tabharfaidh CGO Chontae an Longfoirt faoi chlár forbartha agus athbhreithnithe caipitil ar a fhoirgnimh go léir, lena n-áirítear scoileanna dara leibhéal, ionaid oideachais agus oifigí agus:

- aithneoidh sé agus measfaidh sé riachtanais forbartha caipitil na scoileanna, na n-ionad agus na n-oifigí ar fud an chontae agus déanfaidh sé tosaíocht dóibh
- forbróidh sé cás le haghaidh maoinithe agus cuirfidh sé faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta é chun tacaíocht a thabhairt do riachtanais forbartha agus athchóirithe chaipitil
- tabharfaidh sé faoi chlár um fheabhsú chaighdeán na saoráidí i scoileanna agus ionaid CGO, lena n-áirítear saoráidí lónadóireachta, saoráidí seomra ríomhaireachta agus saoráidí spóirt agus áineasa nuair is gá
- uasmhéadóidh sé luach ar airgead trí na seirbhísí a sholáthar tríd an bpróiseas tairisceana poiblí

Ba chóir a thabhairt faoi deara go mbraithfidh baint amach an chuspóra seo go háirithe, ar an bhfáil atá ar mhaoiniú rialtais. Tugtar forbhreathnú ar na tionscadail forbartha reatha agus na tionscadail forbartha atá beartaithe do CGO Chontae an Longfoirt sa tábla thíos:

PLEAN OIDEACHAIS CGO CHO AN LONGFOIRT

Mórthionscadail um Athchóiriú

- **Gairmscoil Bhaile Uí Mhatháin**
  Athchóiriú an fhoirgnimh ina iomláine – pluiméireacht, leictreach, seomraí speisialacha, rochtain do dhaoine míchumasaithe, cosán clúdaithe, fuinneoga, bealach isteach nua srl.
- **An Ard-Oifig**
  Athchóiriú na n-oifigí riaracháin chun saoráidí do dhaoine míchumasaithe a chur san áireamh
- **Coláiste Pobail Bhéal Átha Liag**
  Athchóiriú iomlán an tseanfhoirgnimh lena n-áiríodh pluiméireacht, seomraí speisialacha, rochtain do dhaoine míchumasaithe, athsholáthar fuinneoga agus maisiú ar fud an fhoirgnimh
- **Ionad VTOS / Coláiste Oiliúna Ríomhaireachta**
  Athchóiriú na hoifige agus seomraí ranga agus nuashonrú an trealaimh
- **Ógtheagmháil Bhaile Uí Mhatháin**
  An t-athchóiriú a chríochnú agus Foghlaim Aosach a chomhtháthú ar an gcampas

Miontionscadail um Athchóiriú

- **Trealamh**
  An trealaimh sna seomraí adhmadóireachta a uasghrádú sna ceithre scoil dara leibhéal
- **Gairmscoil Bhaile Uí Mhatháin**
  An tsaotharlann eolaíochta a athchóiriú agus an trealaimh agus an troscáin eolaíochta a athsholáthar
- **Coláiste Theampall Mhichíl**
  Fuinneoga déghloinithe a athsholáthar agus obair inslithe a dhéanamh

Cóiríocht/páirceáil bhreise

- Áitreabh d'Fhoghlaim Aosach (Litearthacht) i mbaile Longfoirt
- Coiríocht bhreise don chlár VTOS
- Coiríocht bhreise do Ógtheagmháil, Gránard
- Saoráidí páirceála breise ag Coláiste Theampall Mhichíl

Tionscadail Spóirt

- Forbairt na bpáirceanna imeartha ag Gairmscoil Bhaile Uí Mhatháin
- Coláiste Theampall Mhichíl – iarratas ar ghiomnáisiam le cur faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta
- Giomnáisiam ag Ardscoil Phádraig, Gránard – Athsholáthar dín agus teas a shuiteáil, síneadh le leithris, cithfholcthaí agus seomraí feistithe a chur isteach
- Giomnáisiam pobail ag Coláiste Pobail Bhéal Átha Liag
- Halla spóirt in Ionad Oideachais agus Oiliúna Naomh Mel a athchóiriú

CAIBIDIL 5

Acmhainniú agus Feidhmiú an Phlean

Mar a sonraíodh cheana, tugtar cur síos san Acht Gairmoideachais (Leasú) 2001 ar an gceanglas atá ar na CGOanna páirt a ghlacadh sa phróiseas pleanála.

Pleananna Seirbhíse Bliantúla
Caithfear na cuspóirí atá le gnóthú a leagan amach i bPleananna Seirbhíse bliantúla, de réir an Achta. Aithneoimid sainchuspóirí don bhliain agus meastachán ar an mbuiséad agus ar na hacmhainní a bheidh ag teastáil dá seachadadh agus na pleananna sin á n-ullmhú againn. Is é Plean Seirbhíse 2006 an chéad cheann de na pleananna sin agus tabharfaidh sé aghaidh ar shaincheisteanna ardtosaíochta chomh maith le soláthar leanúnach na gclár agus na seirbhísí

Athbhreithniú Bliantúil
Déanfar athbhreithniú ar bhonn bliantúil chun dul chun cinn a mheas os coinne na cuspóirí a socraíodh, chun oiriúnú a dhéanamh d'athruithe sa dlí agus chun freastal ar éilimh agus riachtanais atá ag teacht chun cinn. Glacaimid leis go dtiocfaidh athruithe ar na gníomhartha a fhreastalóidh ar na tosaíochtaí ó am go ham cé go bhfanfaidh na tosaíochtaí sin mar an gcéanna ar feadh shaolré an phlean. Bunóidh an CGO Foireann um Monatóireacht agus Cur i bhFeidhm chun maoirseacht a dhéanamh ar an obair sin.

Acmhainní
Léirigh an próiseas pleanála straitéisí go mb'fhéidir go mbeidh ar CGO Chontae an Longfoirt atheagrú a dhéanamh agus breisacmhainní a fháil. Tá gá leo sin ionas gur féidir leis an CGO freagairt a thabhairt ar an bhfás suntasach atá tarlaithe agus atá ag tarlú fós agus chun freagairt a thabhairt ar chuspóirí straitéiseacha a aithníodh sa Phlean.

I bhfianaise an mhéadaithe mheasta ar an éileamh ar oideachas agus ar oiliúint, meastar go mbeidh méadú suntasach ag teastáil ón CGO ina bhuiséid bhliantúla sna cúig bliana amach romhainn. Áireofar buiséid phá agus neamhphá orthu sin. Chomh maith leis na tionscadail chaipitil ar tugadh cur síos orthu thuas, measann CGO Chontae an Longfoirt chomh maith go mbeidh breisacmhainní agus méaduithe foirne i mbuiséid athfhillteacha ag teastáil má tá an CGO chun a bheith in ann a oibleagáidí rialála agus na cuspóirí sa phlean seo a chur i bhfeidhm.

Tabharfaidh an plean seo an deis do CGO Chontae an Longfoirt chun leanúint ar aghaidh ag seachadadh seirbhís oideachais ar ardchaighdeán ar fud an chontae agus dul chun cinn a dhéanamh ar na bonnchlocha daingne a leagadh síos le linn tréimhse fada blianta.

Buíochas

Ba mhaith leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúchán, thar ceann CGO Chontae an Longfoirt, buíochas a chur in iúl dóibh siúd a chabhraigh le forbairt an phlean seo, lena n-áirítear:

Baill CGO Chontae an Longfoirt

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

An Príomhfhoireann Pleanála – An tOifigeach Forbartha, An Príomhoifigeach Cúnta, An tOifigeach Oideachais Aosaigh, An tOifigeach Airgeadais

Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí na scoileanna dara leibhéal

Ceannairí na nIonad agus na Seirbhísí Tacaíochta

Foireann na Scéime – baill foirne múinteoireachta, riaracháin agus choimhdeacha

Cathaoirligh agus baill na mBord Bainistíochta

Cathaoirleach agus baill an Bhoird um Oideachas Aosach

Cathaoirleach agus baill an Bhoird Chomhairligh Spóirt

Mic Léinn – lánaimseartha agus páirtaimseartha

Tuismitheoirí – ina n-aonar agus mar bhaill de Chumainn Tuismitheoirí

An tEaspag Colm O' Reilly, Deoise Ard Mhaca agus Chluain Mhic Nóis

Príomhoidí na mbunscoileanna áitiúla

Gníomhaireachtaí a ndéantar ionadaíocht dóibh ar an mBord Forbartha Contae

Gníomhaireachtaí agus grúpaí eile reachtúla, deonacha agus pobail

Baill den phobail a thug freagairt ar an bpróiseas comhairliúcháin

Mazars Consultants

Tagairtí

- An Roinn Oideachais (1995), 'Charting our Education Future': Páipéar Bán um Oideachas, Baile Átha Cliath: Oifig Foilseachán Rialtais
- An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (1998), An tAcht Oideachais, Baile Átha Cliath: Oifig Foilseachán Rialtais
- An Roinn Oideachais (2001) An tAcht Gairmoideachais (Leasú) 2001, Baile Átha Cliath: Oifig Foilseachán Rialtais
- Rialtas na hÉireann (1999), An Plean Forbartha Náisiúnta 2000 – 2006, Baile Átha Cliath: Oifig Foilseachán Rialtais
- Acmhainní Pobail Longfoirt (2000), An Plean Straitéiseach 2000 – 2006: An Clár Forbartha Áitiúla um Uilechuimsitheacht Shóisialta
- Acmhainní Pobail Longfoirt (2004), Athbhreithniú 2001 – 2003 agus 2004 – 2006 An Clár Straitéiseach Forbartha Áitiúla um Uilechuimsitheacht Shóisialta
- Comhairle Contae an Longfoirt (2002), Plean Forbartha Contae an Longfoirt, 2003 – 2009
- An Comhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta 2003 – 2005, Dul Chun Cinn a Choinneáil. Baile Átha Cliath: Oifig Foilseachán Rialtais
- An Grúpa Comhairleach Náisiúnta um Litearthacht Aosach, (2004). Plean um Chur i bhFeidhm an Chláir Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta d'Aosaigh. Baile Átha Cliath: NALA